

An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann

Tuairisc Taighde ar son Gaelscoileanna Teoranta

Meán Fómhair 2016

Laoise Ní Thuairisg, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh

Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Clár

Achoimre Fheidhmeach	4
Achoimre de phríomhthátl an taighde.....	5
Soláthar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge	5
Conair an leanúnachais san oideachas lán-Ghaeilge	5
Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge	6
Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla	6
Rannpháirtíocht an tuismitheora.....	7
Eolas ar an oideachas lán-Ghaeilge á sheachadadh chuig tuismitheoirí	7
Príomh-mholtaí	8
Rochtain ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge	8
Eolas agus feasacht na dtuismitheoirí ar phróiseas an tsealbhaithe teanga	8
Freastal ar riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge	9
Rogha ábhar agus cáil acadúil iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge	9
Rannpháirtíocht an tuismitheora.....	9
Caidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	10
Léirbhreithniú Litríochta	11
Réamhrá.....	11
Dúshláin a bhaineann le rátaí aistrithe á dtomhais	11
An Leanúnachas sa tumoideachas	11
An Leanúnachas go hildirnáisiúnta	13
An Leanúnachas in Éirinn	15
Rannpháirtíocht tuismitheoirí.....	16
Conclúid	18
Modheolaíochtaí.....	19
Réamhrá.....	19
Ceistneoir na bPríomhoidí	19
Fóram plé na bPríomhoidí	19
Ceistneoirí na nDaltaí agus na dTuismitheoirí	20
Ceistneoir na ndaltaí	20
Cúlra déimeagrafaíoch agus teanga na ndaltaí.....	20
Ceistneoir na dTuismitheoirí.....	21
Agallaimh na dtuismitheoirí.....	22
Cúlra déimeagrafaíoch agus teanga na dtuismitheoirí.....	22
Conclúid	22
Torthaí an taighde.....	23

Réamhrá.....	23
Úsáid na Gaeilge i dTeaghlaigh na dTuismitheoirí.....	23
Cumas agus úsáid Teanga i measc Tuismitheoirí.....	24
Úsáid na Gaeilge sa teaghlaich	25
Taithí na dTuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge.....	26
Leibhéal aistrithe reatha san oideachas lán-Ghaeilge	27
An uair a dhéantar an cinneadh.....	27
Cé a dhéanann an cinneadh?	29
Céim “nádúrtha” ar chonair an leanúnachais.....	30
Cúiseanna le freastal ar an mbunscolaíocht agus ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge	30
Suim sa dátheangachas.....	32
Cáil acadúil na scoile	33
Pointí bónais na hArdteistiméireachta	34
Comhdhéanamh na scoile.....	34
Dea-thuairisciú faoin iar-bhunscoil	35
Suíomh agus cóiríocht na scoile.....	36
Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla	37
Suíomh na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla	37
Rogha na n-ábhar.....	38
An iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mí-oiriúnach don ullmhúchán don triú leibhéal.....	38
Cáil acadúil na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla.....	39
Imní na dtuismitheoirí faoi lagú an Bhéarla.....	39
Traidisiún freastail sa teaghlaich ar iar-bhunscoil lán-Bhéarla	40
Freastal ar Riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge	40
Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas na bpáistí	41
Conclúid	42
Conclúidí agus Moltaí.....	43
Réamhrá.....	43
Conclúidí	43
Úsáid agus cumas na Gaeilge sa teaghlaich.....	43
Taithí na dtuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge	43
Conair an leanúnachais san oideachas lán-Ghaeilge	43
An aois ag a ndéantar an cinneadh maidir le haistriú.....	43
Rátaí reatha aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.....	44
Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge	44
Suim sa Ghaeilge agus sa dátheangachas	44

Cáil acadúil na scoile	44
Comhdhéanamh na scoile.....	45
Dea-thuairisciú faoin scoil.....	45
Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla	45
Cáil mhaith acadúil na scoile.....	45
An soláthar lán-Ghaeilge mí-oiriúnach don tríú leibhéal.....	45
Imní faoi lagú an Bhéarla	46
Rannpháirtíocht an tuismitheora.....	46
Riachtanais speisialta an dalta sa soláthar lán-Ghaeilge	46
Eolas ar an oideachas lán-Ghaeilge á sheachadadh chuig tuismitheoirí	47
Príomh-mholtaí	48
Réamhrá.....	48
Soláthar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge	48
Rannpháirtíocht	48
Rogha ábhar agus cáil acadúil iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.....	49
Freastal ar riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge	50
Eolas agus feasacht na dtuismitheoirí ar phróiseas an tsealbaithe teanga.....	50
Caidreamh idir bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.....	51
Liosta Tagairtí	52
Aguisín – Ceistneoir na dTuismitheoirí	56

Achoimre Fheidhmeach

Léiríonn taighde ar an ábhar go bhfuil míbhuntáistí suntasacha leis an titim sa leanúnachas don dalta féin agus do phobal na scoile agus go deimhin go bhféadfad ráta íseal leanúnachais dochar suntasach a dhéanamh do chultúr an tumoideachais i gcoitinne (Duhamel, 1985; Kerbow, Azoitia & Buell, 2003).

Tagann titim suntasach ar rátaí leanúnachais ón uair atá an dalta go luath sna déaga agus an patrún seo le sonrú i gCeanada, sa Bhreatain Bheag agus sna Stáit Aontaithe (Bourdreaux & Olivier, 2009; Cadez, 2006; Canadian Council for Learning, 2007; Llywodraeth Cynulliad Cymru 2010; Redknap 2006). De bharr an aistrithe seo, tagann maolú ar rannpháirtíocht na ndaltaí sa tumoideachas agus ar a gcuid deiseanna úsáide teanga dá réir agus a modhanna labhartha agus a sainréimeanna teanga níos teoranta dá réir (Ó Duibhir, Ó Cathalláin, Nig Uidhir, Ní Thuairisg & Cosgrove, 2015; Llywodraeth Cynulliad Cymru 2009; Llywodraeth Cymru, 2016).

Is iomaí cúis leis an titim seo, ina measc: easpa múinteoirí cáilithe; easpa áiseanna teagaisc agus foghlama; rogha níos oiriúnaí ábhar; deacrachartaí foghlama an pháiste agus tuismitheoirí den tuairim nach féidir freastal orthu mar is cóir laistigh de chlár tumoideachais; dearcadh pearsanta an dalta agus an tuismitheora i leith an tumoideachais; polasaithe agus ceannasaíocht údarás áitiúla agus scoileanna aonair (Bourdreaux, 2011; Cadez, 2006; Canadian Council for Learning, 2007; Ó Duibhir et al., 2015). I dtaca leis na nithe sin, creidtear go bhfuil sástacht tuismitheoirí na ndaltaí lárnach agus rátaí leanúnachais faoi chaibidil agus cultúr i réim go dtarraingítear daltaí siar ón tumoideachas go minic gan míshuaimhneas i leith an tsoláthair a chur in iúl roimh réidh d'údarás na scoile (Bourdreaux, 2011).

Léirigh Ó Duibhir et al. (2015) gur aistrígh níos lú ná leath de dhaltaí rang 6 i 65% de bhunscoileanna lán-Ghaeilge na tíre chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (Ó Duibhir et al., 2015: 81). I measc na gcúiseanna leis an ráta íseal aistrithe seo, dar le príomhoidí agus tuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde sin, bhí: deacrachartaí foghlama an dalta agus comhairle faighte ó shíceolaí rogha eile oideachais a lorg; seirbhísí tacaíochta a bheadh ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta foghlama acu; mian phearsanta an dalta féin; srian ar an leibhéal tacaíochta a bheadh ar chumas an tuismitheora a thabhairt agus leibhéal deacracharta an ábhair scoile, agus dá réir an raon teanga, ag ardú; bac ar ghnóthachtáil acadúil; easpa iar-bhunscoil san abhantrach nó sa cheantar.

Tugadh faoin tionscadal taighde seo ar mhaithe le hiniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar na pátrúin aistrithe atá i réim i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht i bPoblacht na hÉireann agus iniúchadh a dhéanamh freisin ar na nithe a bhfuil tionchar acu ar na pátrúin sin. Tá sé

cruthaithe go bhfuil bearna sa taighde reatha a fhiosraíonn na cúiseanna atá ag tuismitheoirí an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí cé gur fhreagair tionscadail áirithe don bhearna seo maidir leis an mbunscolaíocht lán-Ghaeilge. Tá sé soiléir ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ábhar gur ag an bpointe aistrithe idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil is mó a thagann laghdú ar an rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge. Is gá dá réir, tuairimí rannpháirtithe an chórais a mheas chun na cúiseanna leis an laghdú san aistriú a fhiosrú agus straitéisí a dhearadh a rachadh i dtreo an laghdú seo a fhreaschur. Is chuige sin an taighde seo.

Achoimre de phríomhtháth an taighde

Soláthar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Ar mhaithe leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a fhiosrú, b' éigean ar dtús fiosrú le príomhoidí a ghlac páirt sa taighde seo an raibh iar-bhunscoil san abhantrach scoile acu. Léiríonn torthaí an taighde nach bhfuil fáil ar 40% de bhunscoileanna lán-Ghaeilge an tsampla ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ina n-abhantrach. Aithnítear go bhfuil an baol ann gur ceantair iad seo ina bhfuil an ghaelscolaíocht go fóill ag forbairt agus go mb'fhéidir nach bhfuil an dlús céanna daonra sa cheantar ná sna scoileanna a thacódh le hélimh don iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ag an tráth seo. Mar sin féin, léirítear sa taighde seo nach bhfuil an leanúnachas mar rogha réalaíoch ag 27.2% de thuismitheoirí, cé is moite do na teaghlaigh sin atá in acmhainn taisteal chuig an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge is cóngaraí dóibh. Cinnte is bac suntasach é seo don leanúnachas nach féidir a shárú gan cur le soláthar iar-bhunscoileanna na tíre.

Conair an leanúnachais san oideachas lán-Ghaeilge

Léiríonn torthaí an taighde seo gur céim nádúrtha an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ar chonair an leanúnachais do roinnt tuismitheoirí agus é i gceist ag acu go mbeadh a bpáistí rannpháirteach san oideachas lán-Ghaeilge ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. As an sampla randamach de 27 scoil a ghlac páirt sa taighde, fuaireamar amach gur lean 40.2% de dhaltaí Rang a 6 i 2014 ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge an bhliain sin. Nuair a rinneamar idirdhealú, áfach, idir na bunscoileanna a raibh iar-bhunscoil san abhantrach acu agus iad siúd nach raibh, fuaireamar amach gur lean 53.6% de dhaltaí ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge má bhí a leithéid ar fáil san abhantrach. Díol spéise go ndéanann tuairim is leath de thuismitheoirí an cinneadh a bpáistí a chur ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sula dtosaíonn a bpáistí ar an mbunscolaíocht lán-Ghaeilge ar chor ar bith. Is léir go bhfuil céatadán suntasach tuismitheoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge atá an-tiomanta don Ghaeilge agus don oideachas tri mheán na Gaeilge. Ar an lámh eile, as

na tuismitheoirí a shocraigh nach leanfadh a bpáistí ar aghaidh leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, ba i idir rang a cúig agus a rang a sé a rinne breis is leath acu an cinneadh seo. Léiríonn an figiúr seo go bhfuil na tuismitheoirí seo idir dhá chomhairle maidir le conair an leanúnachais lán-Ghaeilge ar feadh achar suntasach ama, tréimhse go bhféadfaí buntáistí an leanúnachais a chur ar a súile dóibh.

Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge

Sonraítear cosúlachtaí sna cúiseanna a bhí ag tuismitheoirí tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal agus suim sa Ghaeilge féin agus sa dátheangachas ag tiomáint formhór na dtuismitheoirí ina threo. Theastaigh ó 76.9% de na tuismitheoirí agus iad ag tosú leis an mbunscolaíocht lán-Ghaeilge go mbeadh Gaeilge ag a bpáistí agus d'ardaigh seo go 84.2% agus na páistí ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Deir 61.7% de thuismitheoirí gur roghnaíodh bunscoil lán-Ghaeilge de bharr gur theastaigh uathu go mbeadh a bpáistí dátheangach agus seo ag ardú go dtí 74.7% ag an iar-bhunleibhéal. I measc na gcúiseanna eile a bhí ag tuismitheoirí agus ag daltaí leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal, bhí: cál acadúil na scoile; gnóthachtáil acadúil san Ardteistiméireacht; comhdhéanamh na scoile.

Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla

Maidir leis na cúiseanna sin a bhí ag tuismitheoirí leanúint leis an oideachas lán-Bhéarla ag an iar-bhunleibhéal, arís sonraítear cosúlachtaí sna cúiseanna ach gur dóigh go mbraitheann rogha na dtuismitheoirí go minic ar an abhantrach scoile ina bhfuil siad agus an soláthar atá ar fáil san abhantrach sin. Deir 63.2% de thuismitheoirí go raibh sé i gceist acu a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Bhéarla de bharr cál mhaith acadúil na scoile agus deir 50.5% gur rogha níos oriuínaí ábhar na scoile sin ba chúis leis an gcinneadh.

Thug 11.9% de thuismitheoirí le fios go raibh imní orthu nach mbeadh an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge oriúinach mar rogha chun a bpáistí a ullmhú don oideachas tríú leibhéal ó tharla go mbeadh an t-oideachas sin á sholáthar i mBéarla. Laghdaítear luach agus feidhm phraiticiúil na Gaeilge go mór in aigne na dtuismitheoirí dá bharr seo. Deir 14.6% de thuismitheoirí go bhfuil imní orthu go laghdódh cumas Béarla a bpáistí dá leanfaí leis an oideachas lán-Ghaeilge agus roinnt díobh den tuairim go bhfuil an lagú seo le tabhairt faoi deara cheana féin ag deireadh na bunscolaíochta.

Rannpháirtíocht an tuismitheora

Deir formhór na dtuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo go bhfuil imní orthu maidir lena gcumas páirt a ghlacadh in oideachas a bpáistí, go háirithe i bhfianaise a gcumas íseal sa teanga. Thagair Ní Mhurchú (2008) freisin don dúshlán seo agus tuismitheoirí buartha gur bac dosheachanta don rannpháirtíocht an easpa cumais sa Ghaeilge. Tá impleachtaí tromchúiseacha aige seo d’fhéin-éifeachtúlacht an tuismitheora agus d’eispéireas oideachais an dalta. Deir na tuismitheoirí sin a bhfuil sé i gceist ag a bpáistí leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge nach bhfuil an dara rogha acu ach seasamh siar ón rannpháirtíocht san obair scoile ó tharla nach bhfuil ar a gcumas cabhair phraiticiúil a thabhairt leis an teanga féin. Deir na tuismitheoirí sin atá ag leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla gur constaic dhosháraithe an easpa rannpháirtíochta seo dóibh. Is beag ról a fheiceann na tuismitheoirí seo dóibh féin i saol oideachais an pháiste agus iad scoite ó phobal an oideachais lán-Ghaeilge dá bharr. Ar ndóigh, tá tionchar nach beag aige seo ar an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Eolas ar an oideachas lán-Ghaeilge á sheachadadh chuiti tuismitheoirí Léiríonn tuismitheoirí míshástacht maidir leis an laghad eolais a roinntear leo maidir le feidhmiú an tumoideachais ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal, go háirithe maidir leis an tionchar a bheadh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachasúil an pháiste ag an tríú leibhéal. Déanann tuismitheoirí cur síos ar thábhacht na n-oícheanta oscailte mar ócайдí roinnte eolais ach gur beag du a chaithéann roinnt scoileanna leis na hócайдí sin dar leo. Tá géarghá, deirtear, deiseanna den chineál sin a thapú chun fóram níos éifeachtaí a sholáthar ina bhféadfaí eolas a roinnt le tuismitheoirí maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge. Deir tuismitheoirí go bhfuil dul amú ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge atá den tuairim nach bhfuil gá eolas a roinnt le tuismitheoirí nuair atá páiste cláraithe cheana féin leis an scoil. Dar leo go bhfuil gá eolas ar an tumoideachas agus ar an dátheangachas a roinnt go leanúnach le tuismitheoirí agus le daltaí ón uair a thosaítéar ar an mbunscolaíocht lán-Ghaeilge. Tugann tuismitheoirí le fios go bhfuil imní orthu gur rannpháirtithe na hearnála oideachais lán-Ghaeilge den chuid is mó a chuireann an t-eolas ar fáil maidir le buntáistí an tumoideachais. Ba mhian le tuismitheoirí go gcuirfí fóram neodrach ar fáil ina bhféadfaí buntáistí agus míbhuntáistí an oideachais lán-Ghaeilge dá bpáistí a phlé go hoscailté leo siúd a bhfuil suim agus saineolas acu sa réimse.

Príomh-mholtaí

Rochtain ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge

As sampla iomlán an taighde seo, níl fáil ag 40% de bhunscoileanna lán-Ghaeilge Phoblacht na hÉireann, lasmuigh den Ghaeltacht, ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá 27.2% de thuismitheoirí a bhfuil spéis agus tiomantas don oideachas lán-Ghaeilge léirithe acu nach bhfuil an chéad chéim eile ar chonair an leanúnachais ar fáil dá bpáistí. D'uireasa na céime seo is sealbhú neamhiomlán den Ghaeilge atá i ndán do na páistí sin. Tá sé léirithe sa taighde seo agus i dtaighde idirnáisiúnta ar an ábhar céanna go bhféadfadh ráta íseal sa leanúnachas tionchar diobhálach a bheith aige ar chultúr an tumoideachais i gcoitinne. Is gó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara na hearnála chun na heasnaimh sa soláthar reatha a chur ar a síle dóibh agus straitéis a chur i bhfeidhm a thacódh le tuismitheoirí agus daltaí bunscoileanna lán-Ghaeilge ar mian leo tabhaint faoin iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge. Moltar do Ghaeleoleanna Teoranta, i bhfianaise thorthaí an taighde seo, dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an tábhacht atá le soláthar na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann a mhéadú agus straitéis fadtréimhseach chéimniúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt don bhearna reatha.

Eolas agus feasacht na dtuismitheoirí ar phróiseas an tsealbhaithe teanga
Tá sé tugtha le fios ag tuismitheoirí a ghlaic páirt sa taighde seo go bhfuil imní orthu go bhfuil an Ghaeilge ag déanamh dochair do shealbhú Béarla a bpáistí agus gur mian leo an lagú seo a fhreaschur trína bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Bhéarla. Léirítear i dtorthaí an taighde seo gur suim sa dátheangachas agus Gaeilge ar a dtóil a bheith ag a gcuid páistí an spreagadh ba mhó a bhí ag tuismitheoirí tabhaint faoin oideachas lán-Ghaeilge. Tá sé ríshoiléir, áfach, go bhfuil míthuisceint i measc tuismitheoirí maidir le próiseas an tsealbhaithe teanga.

Moltar go ndéanfaí daingniú ar an tsuim sin sa dátheangachas arís agus an t-aistriú faoi chaibidil agus buntáistí an dátheangachais ag an iar-bhunleibhéal a chur ina luí ar thuismitheoirí go leanúnach ó lár na bunscolaíochta ar aghaidh. Is gó freisin go gcuirfí ar a síle do thuismitheoirí gur próiseas fadtréimhseach an sealbhú teanga nach gcríochnaíonn ag deireadh na bunscolaíochta. Tá dearcadh dearfach agus tiomantas léirithe ag tuismitheoirí na ndaltaí go dtí seo i leith an dátheangachais agus moltar an deis a thapú eolas taighde agus cleachtas-bhunaithe a roinnt leo lena muinín sa soláthar oideachais lán-Ghaeilge a dhaingniú. Ní miste feasacht na múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge a ardú i dtaobh na nithe seo freisin.

Freastal ar riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge
Chuir líon suntasach tuismitheoirí in iúl le linn an taighde seo go raibh imní orthu nach mbeadh ar
chumas na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge freastal mar is cóir ar riachtanais speisialta foghlama a
bpáistí agus gur shocraigh siad gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge dá réir. Ainneoin sin, dar
le formhór na bpríomhoidí a ghlac páirt sa taighde nach dóigh leo go mbeadh riachtanais speisialta
foghlama an dalta mar bhac don leanúnachas in aigne na dtuismitheoirí.

Moltar go gcuircí eolas taighde-bhunaithe agus cothrom le dáta ar fáil do thuismitheoirí agus do
dhaltaí maidir leis an tionchar a bheidh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachais a
bpáistí, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le riachtanais speisialta foghlama. Ina theannta sin,
moltar go dtabharfaí faoi phróiseas oiliúna le múinteoirí agus le príomhoidí, bunscoileanna agus iar-
bhunscoileanna lán-Ghaeilge, chun riachtanais speisialta foghlama i gcomhthéacs an tumoideachais
a chíoradh agus a phlé. Moltar go dtabharfaí faoi na straitéisí seo mar thionscadail leanúnacha
comhpháirteacha idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile an
oideachais lán-Ghaeilge mar atá Gaelscoileanna Teoranta agus na scoileanna lán-Ghaeilge ag an
mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Rogha ábhar agus cáil acadúil iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Léirítear sa taighde seo, as na tuismitheoirí a roghnaigh iar-bhunscoil lán-Bhéarla, gur míshástacht
leis an rogha ábhar san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a spreag 50.5% díobh an cinneadh seo a ghlacadh.
Ar an lámh eile, thug 80.6% de thuismitheoirí le fios gur de bharr dea-cháil acadúil na hiar-
bhunscoile Gaeilge a shocraigh siad leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal.
Níl amhras ar bith faoi ach go bhfuil deacrachtaí ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, de bharr líon
íseal daltaí nó de bharr acmhainní teoranta, réimse leathan ábhar a chur ar fáil, gan trácht ar an líon
ard múinteoirí a theastódh chun na hábhair sin a theagasc i nGaeilge.

Moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge dul i gcion ar thuismitheoirí agus buntáistí acadúla na
scoile, lasmuigh den rogha ábhar, a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí. Chabhródh feachtas
eolais do dhaltaí agus do thuismitheoirí leis seo agus eolas ar rogha ábhar na scoileanna lán-Ghaeilge
mar aon le rath acadúil na scoileanna a roinnt le tuismitheoirí agus daltaí ó rang a trí ar aghaidh.

Rannpháirtíocht an tuismitheora

Moltar go dtabharfaí spreagadh agus ugach do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach in oideachas a
bpáistí. Tá sé tábhachtach go gcuimseodh na deiseanna rannpháirtíochta ócайдí ina bhfáiltítear
roimh na tuismitheoirí uile, beag beann ar chúrsaí teanga. Léirítear sa taighde seo go n-airíonn

tuismitheoirí nach bhfuil cumas sa Ghaeilge acu fágtha ar lár ó phobal na scoile agus freisin ó shaol oideachais an pháiste toisc nach bhfuil ar a gcumas páirt a ghlacadh sna múnláí rannpháirtíochta reatha atá i bhfeidhm i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Is gá an cur chuige reatha rannpháirtíochta a athmhúnlú agus múnla úr a dhearadh ina mbeadh ról gníomhach ag tuismitheoirí i bpobal na scoile lán-Ghaeilge. Chuimseodh an múnla seo tacaíocht le gníomhaíochtaí eischuraclacha, tacaíocht le gréasáin na scoile, tacaíocht riarracháin agus gníomhaíochtaí eile scoile nach bhfuil an teanga lárnach iontu. Ní mór a chinntí ar ndóigh go dtugtar faoi dhearadh na straitéise rannpháirtíochta seo i gcomhthéacs polasaí teanga agus éiteas na scoile féin. Tuigtear gur cur chuige úr i leith na rannpháirtíochta a bheadh i gceist lena leithéid agus moltar mar sin seirbhís oiliúna a chur ar fáil do phríomhoidí a thacódh leo struchtúr den chineál seo a iomlánú ina gcleachtais rannpháirtíochta scoile.

Caidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

Moltar an caidreamh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a threisiú ionas go mbeadh an caidreamh seo éifeachtach agus ag cur le patrún aistrithe san oideachas lán-Ghaeilge. Tá sé tábhachtach go mbeadh an caidreamh seo tairbheach do na bunscoileanna agus na hiarbunscoileanna agus feiceálach agus insroichte do thuismitheoirí agus daltaí. Chuige sin, moltar straitéis a dhearadh a chuimseodh tionscadail chomhoibrithe idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. I measc na dtionscadal seo bheadh: cuairteanna scoile; cothú gréasán múinteoirí ina mbeadh múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile lán-Ghaeilge páirteach; dearadh straitéisí rannpháirtíochta do thuismitheoirí; láithreacht agus rannpháirtíocht na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna sa phobal a chothú. Chinnteodh gníomhaíochtaí den chineál seo gur caidreamh buan agus leanúnach a bheifí ag cothú a threiseodh ní hamháin patrún aistrithe san oideachas lán-Ghaeilge ach earnáil an oideachais lán-Ghaeilge i gcoitinne.

Léirbhreithniú Litríochta

Réamhrá

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an litríocht reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanann cúram don leanúnachas san oideachas, go háirithe de réir mar a a bhaineann sé le scoileanna tumoideachais. Tagraítéar do noirm na rátaí aistrithe agus cùiseanna leo agus déantar iarracht an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge a ionnú sa chomhthéacs sin. Déantar comparáid freisin idir an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge agus in Éirinn agus comhthéacsanna tumoideachais go hidirnáisiúnta ag féachaint chun athróga atá mar thaca nó mar bhac don leanúnachas a aithint.

Dúshlán a bhaineann le rátaí aistrithe á dtomhais

Ainneoin go nglactar go forleathan leis an leanúnachas mar chonstaic don tumoideachas (Bourdreaux & Olivier, 2009; Kerbow, Azcoitia & Buell, 2003), is deacair rátaí aistrithe a mheas go cruinn (Culligan, 2010; Halsall, 1994; Morton, Lemieux, Diffey & Awender, 1999). Is iomaí éagsúlacht ó chóras tumoideachais amháin go córas eile, fiú na córais sin atá ag feidhmiú sa tir chéanna. Ní hionann an taithí ná na coinníollacha atá ag scoil-cheantair faoi leith agus is deacair ginearálú a dhéanamh ar thorthaí taighde dá réir (Halsall, 1994). Deacracht eile a bhaineann leis an meastóireacht nach gcoinnítear cuntas ar chonair aistrithe daltaí tumoideachais ó leibhéal na réamhscolaíochta chuig an triú leibhéal (Culligan, 2010; Halsall, 1994). Ina theannta sin, is iomaí sainiú a dhéantar ar an aistriú, cleachtas a fhágann gur deacair léargas cruinn a fháil ná a thabhairt ar an gcóras ina ionláine (Estyn, 2014; Halsall, 1994). Cé go dtugtar faoi thaighde ar rátaí laghdaithe sa tumoideachas go minic ar an mbuntuiscent go dtiocfaidh feabhas nó méadú ar rátaí leanúnachais má fheabhsaítear tréithe áirithe bainteach leis an soláthar ní gó go mbeadh sin amhlaidh:

Although improvement of programs is in and of itself a worthwhile goal, it might be that because of the optional nature of immersion programs, it is not possible, or even desirable, to create higher enrolments. (Halsall, 1994: 315)

Mar sin féin, is iomaí cúis atá leis an ráta íseal leanúnachais sa tumoideachas agus is fiú iniúchadh a dhéanamh orthu sin ag féachaint chuige an féidir an leanúnachas a fheabhsú trí thréithe agus cleachtais an chórais a leasú. Níor mhiste i dtosach báire súil a chaitheamh ar an tumoideachas féin agus an tionchar atá ag an leanúnachas ar rath an chórais sin.

An Leanúnachas sa tumoideachas

Is iomaí cúis a bhíonn ag tuismitheoirí an tumoideachas a roghnú dá bpáistí, ina measc: is scil í an teanga a bhfuil buntáistí eacnamúla agus fostáiochta ag baint léi; tugann an teanga léargas ar chultúir eile; tacaíonn sé le féiniúlacht grúpaí áirithe; bronnann sé buntáistí an dáttheangachais. Is minic go mbíonn an tiomantas don tumoideachas an-láidir i dtús ama agus tuismitheoirí sásta scoil tumoideachais a roghnú thar scoileanna eile, fiú má tá na scoileanna sin níos áisiúla dóibh. Is minic

freisin go leanann an tiomantas seo ón réamhscoil ar aghaidh go dtí an iar-bhunleibhéal (Hodges, 2011; Morton et al., 1999).

Ainneoin an tiomantais seo, tagann titim i leibhéal rannpháirtíochta sa tumoideachas ag staideanna áirithe de chonair oideachais an pháiste, go háirithe sa tréimhse sin nuair a aistrítear ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal (Bourdreaux, 2011; Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2010; Makropoulos, 2010; Wesley & Baig, 2012).

I dtaca leis an titim sa tréimhse seo, tuigtear freisin go dtarraingíonn roinnt daltaí siar ón tumoideachas le linn an oideachais bhunleibhéil agus iar-bhunleibhéil. D'fhiosraigh Ó Duibhir, Ó Cathalláin, Nig Uidhir, Ní Thuairisg agus Cosgrove (2015), ina dtaighde siúd ar mhúnláí tumoideachais in Éirinn, rátaí laghdaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna an oiléain. Léiríodh sa taighde sin go raibh an céatadán de dhaltaí a tharraing siar ón tumoideachas le linn tréimhse na scolaíochta an-íseal, agus 1.5% agus 0.94% de dhaltaí ag fágáil na bunscoile lán-Ghaeilge sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Bhí an ráta íseal freisin ag an iar-bhunleibhéal agus 1.6% de dhaltaí ag fágáil na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge sa Phoblacht. I measc na gcúiseanna leis an laghdú seo dar leis na príomhoidí bhí deacrachtaí foghlama agus comhairle ó shíceolaí (Ó Duibhir et al., 2015: 82). Cé gur cleachtas an laghdú nach mór dul i ngleic leis ag gach staid de chontanam an oideachais, tuigtear ó thaighde Uí Dhuibhir et al. (2015) agus ó thaighde idirnáisiúnta ar an ábhar gur le linn na tréimhse aistrithe scoile is mó a thagann titim sa rannpháirtíocht. Is ar an staid sin den chontanam sin ar chóir aird a dhíriú den chuid is mó chun an leanúnachas sa tumoideachas in Éirinn a fheabhsú.

Is iomaí cúis nach leantar leis an tumoideachas, mar atá: an dúshlán acadúil a bhaineann leis; easpa rogha ábhar agus cláir shainspéise do dhaltaí; impleachtaí an chláir tumoideachais (agus a shaintréithe) don oideachas tríú leibhéil; caighdeán níos airde teagaisc sa ghnáthchóras oideachais; dearcadh gur fusa marcanna maithe nó níos airde a bhaint amach sa ghnáthchóras oideachais; míshástacht le hábhar an chláir tumoideachais (Culligan 2010; Halsall, 1994; Lewis & Shapson, 1989; Obadia & Theriault, 1995; Ó Duibhir et al., 2015). Rinne Culligan (2010) taighde ar thaithí daltaí matamaitice a d'aistrigh ó chúrsa lán-Fhraincise go cursa lán-Bhéarla, agus ba é an tsúil a bhí ag daltaí le marcanna níos airde agus eispéireas foghlama níos éasca ba mhó ba chúis lena gcinneadh siúd (Culligan, 2010: 439). Dar leis an údar freisin go raibh tionchar láidir ag tuismitheoirí na ndaltaí agus an cinneadh á dhéanamh, gné a phléitear níos mine sa tuairisc seo ar ball beag.

Constaic eile leis an leanúnachas an dearcadh atá i measc tuismitheoirí agus daltaí nach bhfeilfidh an tumoideachas don dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige, agus an ráta laghdaithe ard i measc na ndaltaí sin (Canadian Council on Learning, 2007; Wise & Chen, 2009). Dar le Genesee

(2007) go bhfuil ar chumas an dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige leibhéal cothrom cumais a bhaint amach sa T2 gan díobháil a dhéanamh dá chumas sa T1 (Genesee, 2007: 677). Tá an baol ann, áfach, agus riachtanais speisialta ag páiste, go mbeadh tuismitheoirí buartha faoina bhforbairt oideachais agus teanga agus go socródís gan leanúint leis an tumoideachas (Dillon, 2014). Cuireann easpa eolais go mór leis an míshuaimhneas seo agus is fusa in amanntaí do thuismitheoirí droim a thabhairt don tumoideachas ná dul ar thóir tacaíochta agus comhairle ó na foinsí cuí (Harding, 2012: 10).

Tá gá le breis taighde sa réimse seo, áfach, agus ní léir go fóill an bhfuil buntáiste ann don pháiste a aistríonn amach ón tumoideachas chuig an gnáthchóras oideachais, fiú má tá riachtanais speisialta oideachais acu. Cé gur féidir fianaise a aimsiú a thacódh le dhá thaobh na hargóna, creidtear ar an iomlán nach bhfuil dúshlán foghlama breise i ndán don pháiste a bhfuil riachtanais speisialta aige agus é ag glacadh páirt sa chóras tumoideachais (Genesee, 2007: 666).

Cúis eile leis an titim sa leanúnachas an bhearna idir an t-ionchas a bhíonn ag tuismitheoirí i dtús ama maidir leis an méid a bheidh mar thoradh ar an tumoideachas, agus an méid a thíteann amach sa deireadh (Bourdreaux, 2011). Is minic cuir i gcás go mbíonn doiléire i measc tuismitheoirí maidir leis an tréimhse ama a thógann sé an dara teanga a shealbhú go héifeachtach (Wesley & Baig, 2012). Tarraingíonn Bourdreaux (2011) ar mhúnla gnó Hirsch (1980) agus an t-aistriú faoi chaibidil:

[s]atisfied customers do not leave; however, dissatisfied customers must choose either to communicate their reasons for being dissatisfied (voice) or simply to leave (exit). Similarly, the dissatisfaction some immersion parents experience leads them to withdraw their child, often without first attempting to use their voice and make their frustrations known. Exploring the reasons why people are dissatisfied enough to withdraw their child from a program is important information if we are going to address the attrition challenge (Bourdreaux, 2011)

Tá sé fíorthábhachtach tuiscint a fháil ar ionchais na dtuismitheoirí i leith an tumoideachais mar aon leis an gcomhthéacs sochaitheach a bhaineann leis an gcinneadh an tumoideachas a roghnú i dtús ama ar mhaith leis an leanúnachas a chothú agus a chinntí (Bourdreaux, 2011).

An Leanúnachas go hildirnáisiúnta

Is bac an leanúnachas i gcomhthéacsanna tumoideachais ar fud na cruinne. In Albain is minic go n-aistríonn daltaí bunscoile lán-Gàidhlig go dtí meánscoileanna ina múintear Gàidhlig mar ábhar agus gach ábhar eile le Béarla. Úsáidtear i bhfad níos lú Gàidhlig mar mheán cumarsáide taobh amuigh den seomra ranga sna meánscoileanna agus dá bhrí sin ní léir cé chomh leanúnach is atá taithí teangeolaíoch na ndaltaí ón mbunleibhéal go dtí an dara leibhéal (O'Hanlon, 2010). I dTír na mBascach, níl éileamh forleathan ar oideachas Bascaise ag an iar-bhunleibhéal agus tá tionchar aige sin ar ndóigh ar sholáthar scoileanna agus múinteoirí a bheadh oilte teagasc i scoileanna lán-Bhascaise. Chomh maith leis sin bíonn roinnt daltaí arb í an Bhascais an dara teanga acu den tuairim

nach bhfuil an inniúlacht chuí acu chun gnóthachtáil shásúil acadúil a bhaint amach i mBascaise ag an dara leibhéal (Lasagabaster 2001; Gardner, 2002). Tá tionchar ag na nithe sin uile ar an leanúnachas.

Tá deacracht mhór ag baint leis an titim sa leanúnachas i gCeanada agus é le tabhairt faoi deara go láidir arís, mar atá le feiceáil i gcomhthéacsanna eile, san aistriú ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal (Canadian Parents for French, 2004; Makropoulos, 2010). Seasann an ráta laghdaithe ansin idir 20% agus 80% agus éagsúlachtaí le sonrú i gceantair ar leith.

Tá an ráta laghdaithe freisin mar ábhar imní sa Bhreatain Bheag. Tagann titim i lón na ndaltaí a thugann faoin mBreatnais mar chéad teanga go háirithe nuair a aistríonn siad chuig an iar-bhunscoil. Léiríonn an taighde gur titim leanúnach atá i gceist leis seo: sa bláthain 2008, thug 19.8% de dhaltaí in Eochairchéim 2 faoin mBreatnais mar chéad teanga. Thit an figiúr seo go 16.3% in Eochairchéim 3 sa bláthain 2011 agus go 15.3% in Eochairchéim 4 sa bláthain 2013. Dá bharr seo, ní dhéantar forbairt ar a gcuid scileanna agus tarlaíonn go dtugann lón suntasach diobh faoin scrúdú GCSE don Breatnais mar dhara teanga (Estyn, 2014). Tá sé ag teip ar na hiar-bhunscoileanna dá réir an dea-obair, a rinneadh le linn na tréimhse réamhscolaíochta agus bunscolaíochta, a láidriú ná a bhuanú (Williams, 2000: 131).

Aistríonn lón mór foghlaimeoírí ag an iar-bhunleibhéal go córas dátheangach nó déanann siad staidéar as Breatnais ar lón níos lú ábhar de réir a chéile. Mar shampla, is minic a mhúintear matamaitic agus eolaíocht as Breatnais ag Eochairchéim 2 (Redknap 2006; Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2010). Ina dhiaidh sin tugtar deiseanna do dhaltaí i roinnt scoileanna céatadáin éagsúla soláthar tumoideachais a roghnú ‘through a linguistic streaming system’ (Estyn, 2014; Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2010: 65). Mar gheall air sin bíonn níos lú teagmhála ag na daltaí seo le Breatnais agus cailleann siad deiseanna chun a bhfoclóir a shaibhriú (Estyn, 2014; Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2010). Tá an laghdú seo le tabhairt faoi deara i móráin gach réigiún sa Bhreatain Bheag, ach tá an cleachtas níos forleithne sna ceantair ina bhfuil an Breatnais in uachtar mar theanga phobail (Redknap, 2006: 12).

Tá an leanúnachas sa tumoideachas mar mhórsprioc sa *Welsh Medium Education Strategy* agus dul chun cinn teangeolaíoch sa Bhreatnais mar chéad teanga agus deiseanna chun staidéar a dhéanamh as Breatnais ó aois 14 ar aghaidh chuig leibhéal ardoideachais aitheanta mar thosaíocht ag Rialtas Tionól na Breataine Bige (Llywodraeth Cynulliad Cymru, 2010). Tá sé mar aidhm freisin ‘to ensure that all learners develop their Welsh-language skills to their full potential and encourage sound linguistic progression from one phase of education and training to the next’ (Llywodraeth Cymru, 2013: 13). Chuige sin iarrtar ar gach údarás oideachais áitiúil cur síos a dhéanamh ar rátaí aistrithe ó


chéim go céim sa chóras oideachais. Tá toradh an neamhfhreastail le tabhairt faoi deara go mór sa líon daltaí a thugann faoin mBreatnais mar chéad teanga i scrúduithe A leibhéal agus éanois ag an ráta is ísle ag a raibh sé le deich mbliana anuas. Léirítear in athbhreithniú ar an straitéis go bhfuil gá go mbeadh an leanúnachas chuig A leibhéal agus chuig ardoideachas mar thosaíocht sa phróiseas pleánala chun an meath seo a fhreaschur (Llywodraeth Cymru, 2015: 27). Tugtar le fios san athbhreithniú is deireanaí ar an Sraitéis, áfach, gur ann go fóill don laghdú seo (Llywodraeth Cymru, 2016).

Deacracht eile agus an leanúnachas sa Bhreatain Bheag faoi chaibidil, an doiléire a bhaineann leis an sainiú a dhéantar ar leibhéal éagsúla den soláthar (Estyn, 2014). Rangaítear formhór d'iar-bhunscoileanna na Breataine Bige mar scoileanna dátheangacha agus déantar teagasc as Breatnais agus as Béarla, cé nach mbraitheann an sainiú seo ar an gcéatadán den teagasc a dhéantar trí mheán ceachtar den dá theanga sin. De bhrí gur féidir líon suntasach daltaí agus soláthar teagaisc a thabhairt faoi scáth an oideachais dhátheangaí is deacair an rannpháirtíocht sa tumoideachas a mheas, ní áirítear an leanúnachas.

An Leanúnachas in Éirinn

D'fhiosraigh Ó Duibhir et al. (2015) na leibhéal aistrithe a bhí ann idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna na hÉireann, thuaidh agus theas. Léiríonn Fíor 1.1 gur aistrígh níos lú ná leath de dhaltaí i 65% de bhunscoileanna na Poblachta (39 as 60 scoil a d'fhreagair an cheist sin) agus i 53% de bhunscoileanna Thuaisceart Éireann (9 as 20 scoil a d'fhreagair an cheist sin).

Is cinnte gur constaic an easpa soláthair don leanúnachas. I dtáighde Ní Mhurchú (2008) ar mhianta tuismitheoirí i roghnú na gaelscolaíochta thuairiscigh 70% de thuismitheoirí go roghnóidís iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ar an ábhar céanna, tugann Kennedy (2011) le fios go mbeadh 23.4% de thuismitheoirí tar éis soláthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí dá mbeadh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge cóngarach dóibh (Kennedy, 2011: 298). Léirítear i dtáighde Uí Dhuibhir et al. (2015) go raibh iarbhunscoil lán-Ghaeilge i gceantar na scoile ag 59.4% de bhunscoileanna na Poblachta ach nach raibh fáil ach ag 30% de bhunscoileanna Thuaisceart Éireann ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge i gceantar na scoile (Ó Duibhir et al., 2015: 78). I dtaca le ceist an tsoláthair, áirítear cúiseanna eile freisin leis an laghdú, atá mar bhac leis an leanúnachas mar a léiríonn Ó Duibhir et al. (2015), ina measc: míshástacht an pháiste leis an tumoideachas; imní nach mbeadh ar chumas na scoile lán-Ghaeilge tacaíocht chuí a chur ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu; ról tacúil an tuismitheora cúngaithe de bharr an leibhéal íseal cumais atá acu féin sa Ghaeilge; rogha teoranta ábhar; deacrachartaí le hearcaíocht múinteoirí; rogha cúng téacsleabhar; aonchineálacht eitneach na scoile lán-Ghaeilge.



Fíor 1.1 Ráta aistrithe ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

I dtuaisceart Uí Dhuibhir et al. (2015) thuairiscigh roinnt tuismitheoirí go raibh siad buartha faoi thodhchaí oideachais a bpáistí ag an tríú leibhéal agus na deacraachtá a bheadh acu ag treabhadh an ghoirt sin i mBéarla, tar éis a gcuid oideachais a shaothrú as Gaeilge. Tugadh le fios go raibh luach agus tábhacht an Bhéarla ag méadú de réir mar a bhí an páiste ag dul tríd an gcóras oideachais agus go raibh ardleibhéal litearthacha sa Bhéarla fíorthábhachtach ag an tríú leibhéal agus sa mhargadh fostáiochta. Is ábhar imní é seo atá tugtha faoi deara i gcomhtháacsanna eile tumoideachais chomh maith céanna (Manitoba: Education, Citizenship and Youth, 2007). Cinnte is údar suntasach imní é seo do na tuismitheoirí a ghlaic páirt sa taighde seo agus filltear ar an ábhar níos fade anonn sa tuairisc agus taithí na dtuismitheoirí sin á cíoradh.

Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Glahtar leis go forleathan go bhfuil an-tionchar ag rannpháirtíocht tuismitheoirí ar eispéireas oideachais agus dul chun cinn acadúil an pháiste agus creidtear, ar an iomlán, gur tionchar dearfach atá i gceist (Bartram, 2006; Eccles & Harold, 1993; Hill & Taylor, 2004; Miedel & Reynolds, 1999; Sénéchal & LeFevre, 2002). Is iomaí gníomhaíocht agus cleachtas a thagann faoi scáth na rannpháirtíochta, ina measc: cúnamh le hobair bhaile; súil á coinneáil ar dhul chun cinn an pháiste; plé ar eachtraí scoile agus nithe bainteach leis an scoil; ag éascú rannpháirtíochta i ngníomhaíochta a bheadh mar thaca ag an bhfoghlaim a dhéantar ar scoil; agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta sa scoil féin (Hoover-Dempsey & Sandler, 2005). Tá tábhacht ar leith leis an rannpháirtíocht i gcás an oideachais teanga agus é ar chumas an tuismitheora tionchar a bheith aige ar mheon dearfach nó

diúltach an pháiste maidir le foghlaim teangacha agus inspreagthacht chun foghlama (Ó Duibhir et al., 2015; Wesley & Baig, 2012). Nuair a fhéachtar ar an gceist seo agus an ghaelscolaíocht faoi chaibidil, tuigtear gur saintréith den chóras sin ó aimsir a bhunaithe rannpháirtíocht an tuismitheora (Mac Murchaidh, 2008)

Braitheann agus bunaítear rannpháirtíocht an tuismitheora, dar le Hoover-Dempsey agus Sandler (1997; 2005), ar ghnéithe éagsúla a eascraíonn as a dtaithí oideachais féin agus as nithe eile seachtracha (Hoover-Dempsey & Sandler, 1995). Díritear aird ar thrí ghné faoi leith: an dearcadh atá ag an tuismitheoir ar a ról féin i saol an pháiste; an éifeachtúlacht a bhraitheann an tuismitheoir agus é ag tabhairt cúnamh don pháiste ionas go mbeidh rath air / uirthi ar scoil; na cuirí agus deiseanna chun rannpháirtíochta a thagann chomh fada leis an tuismitheoir, tríd an dalta nó tríd an scoil féin (Hoover-Dempsey & Sandler, 1997).

Maidir le ról an tuismitheora sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, léirigh Kavanagh agus Hickey (2013) nach bhfacthas do thuismitheoirí go raibh difríocht sa ról a bhí acu ansin le hais an róil a bheadh acu san oideachas lán-Bhéarla. Ba ionann rannpháirtíocht dóibh go háirithe agus an tumoideachas á phlé, agus tacaíocht á tabhairt don pháistí leis agus sa teanga féin, cleachtas nach bhfuil ar chumas fhormhór na dtuismitheoirí a thabhairt (Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile, O’Gorman, 2006). Go deimhin, tá an baol ann sa chás seo go mbeadh an tuismitheoir den tuairim gur mó dochair ná maitheasa a thiocfadh as a rannpháirtíocht in obair scoile an pháiste (Kavanagh & Hickey, 2013: 446). Is bac an easpa cumais seo ar fhéin-éifeachtúlacht an tuismitheora agus an tumoideachas faoi chaibidil.

Maidir leis an bhféin-éifeachtúlacht, ní hiad scileanna an tuismitheora atá tábhachtach ach an mhuinín atá aige as na scileanna sin agus sainítear féin-éifeachtúlacht i gcás rannpháirtíochta an tuismitheora mar an mhuinín atá aige as féin dul i gcion ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an pháiste (Hoover-Dempsey, 1992). Tagann íslíú ar rátaí rannpháirtíochta tuismitheoirí ag an iar-bhunleibhéal de dheasca an mheath a thagann ar an bhféin-éifeachtúlacht agus obair scoile an pháiste ag éirí níos casta (Hoover-Dempsey & Sandler, 1997). Is amhlaidh go mbeadh an chastacht treisithe ar ndóigh agus easpa tuisceana teanga freisin i gceist. Tá impleachtaí tromchúiseacha ag an meath seo san fhéin-éifeachtúlacht don leanúnachas sa tumoideachas in Éirinn.

Braitheann rannpháirtíocht an tuismitheora ar an ról a fheictear dó atá aige i saol oideachais an pháiste agus má tá sé socraithe ag an tuismitheoir ina aigne go bhfuil an rannpháirtíocht lárnach sa ról, rachaidh sé ar thóir deiseanna rannpháirtíochta (Hoover-Dempsey, 1997: 31). Braitheann an rannpháirtíocht freisin ar an gcuireadh atá ar fáil dó, agus is minic seo a bheith ina ábhar teannais idir an scoil agus an tuismitheoir (Barnard, 2004). Ach an oiread leis an bhféin-éifeachtúlacht, is

constaic shuntasach cumas íseal teanga don rannpháirtíocht agus ní mór teacht ar chur chuige eile a chuirfeadh rannpháirtíocht chun cinn nach mbeadh úsáid ghníomhach na teanga lárnach ann (Kavanagh & Hickey, 2013: 448).

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta ar an ábhar seo agus an taighde a dhéanann scagadh ar an leanúnachas in Éirinn, go bhfuil dianmhachnamh déanta ag tuismitheoirí maidir leis an scoil a fhreastalóidh a bpáiste uirthi agus go minic nach fachtóir amháin a shocraíonn an cinneadh deireadh (Hodges, 2011). Dar le Ó Duibhir et al. (2015) gur “ábhar buartha é an ráta aistrithe ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna [agus] Theastódh tuilleadh iniúchadh ar an gceist seo chun teacht ar na cúiseanna leis sula bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo” (Ó Duibhir et al., 2015: 84). Is chuige sin an tionscadal taighde seo.

Conclúid

Tugadh léargas sa chuid seo den tuairisc seo ar an litríocht bainteach leis an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge in Éirinn agus leis an tumoideachas thar lear. Feictear go luíonn an leanúnachas in Éirinn leis na noirm idirnáisiúnta seo cé gur deacair comparáid shonrach go minic a dhéanamh de bharr éagsúlachtaí a bhaineann le soláthar an tumoideachais ag an iar-bhunleibhéil. Feictear seo go háirithe i soláthar forleathan an oideachais dhátheangaí ag an iar-bhunleibhéil i Meiriceá Thuaidh agus sa Bhreatain Bheag. Rinneadh scagadh freisin ar ról tábhachtach an tuismitheora in oideachas an pháiste agus an tionchar atá ag rannpháirtíocht an tuismitheora sin ar chontanam oideachais an pháiste. Tá sé soiléir go bhfuil tuismitheoirí a bhfuil páistí dá gcuid ag freastal ar scoileanna tumoideachais fágtha ar lár go minic de bharr go n-airíonn siad féin gur bac don rannpháirtíocht a leibhéil íseal cumais. Pléitear seo agus athróga eile agus torthaí an taighde á scagadh i gCaibidil a 4. Tugtar aghaidhanois ar na modheolaíochtaí taighde ar baineadh leas astu satiúnaíochtaí.

Modheolaíochtaí

Réamhrá

Cuimsíodh trí ghrúpa ar leith i rannpháirtithe an taighde seo, is iad sin príomhoidí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, daltaí rang a 6 sna bunscoileanna sin agus a dtuismitheoirí. Bailíodh tuairimí agus taithí na bpriomhoidí agus na dtuismitheoirí trí cheistneoir agus freisin trí fhóram plé agus agallaimh ghrúpa. Bailíodh sonraí ó na daltaí i bhfoirm ceistneora. Tugtar cuntas anseo ar na rannpháirtithe sin agus an t-ionchur a bhí acu sa tionscadal faoi chaibidil.

Ceistneoir na bPríomhoidí

Roghnaíodh ceistneoirí a dháileadh ar líne ar shampla randamach de 20% de líon iomlán na mbunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann (143). Rinneadh píolótú ar an gceistneoir roimhe seo le sampla príomhoidí bunscoile lán-Ghaeilge chun a chinntí go raibh struchtúr agus ábhar an cheistneora oiriúnach agus furasta le húsáid. Dáileadh an ceistneoir i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus líon 27 príomhoide bunscoile an ceistneoir. Bhí na bunscoileanna lonnaithe i gceantair tuaithe agus uirbeacha ar fud Phoblacht na hÉireann agus thuairiscigh na príomhoidí go raibh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in abhantrach na scoile ag 60% díobh.

Fiosraíodh sna ceistneoirí seo gnéithe bainteach leis an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, mar atá:

- lonnaíocht iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in abhantrach na bunscoile;
- an ráta ginearálta leanúnachais chuig iarbhunscoil lán-Ghaeilge;
- an caidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge;
- an t-eolas a roinntear le daltaí agus le tuismitheoirí maidir leis an leanúnachas agus na slite éagsúla a roinntear an t-eolas sin;

tuairimí na bpriomhoidí maidir leis na cúiseanna a aistrítear nó nach n-aistrítear chuig an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge.

Fóram plé na bPríomhoidí

Tar éis dúinn bunanailís a dhéanamh ar na ceistneoirí, tugadh cuireadh do phríomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge páirt a ghlagadh i bhfóram plé ar théama an aistrithe. D'fhreastail 20 príomhoide ar an bhfóram seo agus cuireadh triúr príomhoide eile faoi agallamh aonair de bharr nach raibh ar a gcumas freastal ar an bhfóram plé ar an dáta ainmnithe.

Bunaíodh ceisteanna an fhóraim phlé ar mhórthéamaí taighde (féach Aguisín), ina measc:

- an réamh-mhachnamh a dhéantar sa teaghlach ar an leanúnachas;

- constaicí leis an aistriú;
- an caidreamh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna de réir mar a bhaineann sé le héascú an aistrithe.

Cuardaíodh téamaí athfhillteacha agus rinneadh anailís ar thaithí na bpriomhoidí ar an aistriú agus ar an oideachas lán-Ghaeilge i gcoitinne. Le linn na n-agallamh agus an phlé, bailíodh sonraí suimiúla, a shíltar a bheith luachmhar agus ábhartha agus cuirtear na sonraí sin san áireamh agus torthaí an taighde á scagadh sa chéad chaibidil eile.

[Ceistneoirí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí](#)

Tar éis dúinn bunanailís a dhéanamh ar cheistneoirí na bpriomhoidí chuathas i mbun teaghála leo arís ag fiosrú an mbeidís toilteanach dá seolfadh muid ceistneoirí chuig daltaí rang a sé na scoile agus chuig a dtuismitheoirí. Roghnaíodh sampla ionadaíoch 20% agus ar chomhairle na bpriomhoidí dáileadh ceistneoirí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí in aon phacáiste amháin ar dhaltaí rang a 6. Thug na daltaí na ceistneoirí abhaile leo, líonadh ag baile iad, agus thug siad ar ais chun na scoile iad i gclúdaigh dhúnta. Ba iad príomhoidí na scoileanna ansin a sheol na pacáistí ar ais chuig na taighdeoirí.

Ar an iomlán seoladh 571 ceistneoir chuig daltaí agus chuig tuismitheoirí. As ceistneoirí na ndaltaí uile a dáileadh, líonadh agus seoladh 284 ar ais (49.7%) agus líonadh agus seoladh 321 (56.2%) de cheistneoirí na dtuismitheoirí.

[Ceistneoir na ndaltaí](#)

Theastaigh uainn fiosrú an raibh sé i gceist ag na daltaí leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Fiosraíodh freisin an teanga a labhraíonn na daltaí lena dtuismitheoirí. Tá cóip de cheistneoir na ndaltaí le fáil sna hagusíní.


Socraíodh an ceistneoir a chur chuig daltaí rang 6 i mbunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Roghnaíodh an grúpa seo ó tharla go mbeadh, ar an iomlán, cinneadh déanta i leith an aistrithe acu agus barúil níos soiléire againn dá réir ar ráta reatha an aistrithe chuig an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal.

[Cúrla déimeagrafaíoch agus teanga na ndaltaí](#)

Ghlac 284 daltaí páirt sa taighde seo. Cuimsíonn buachaillí 46.3% den sampla agus cailíní 53.7% agus tá 99.3% de na daltaí idir 11 agus 12 bliain d'aois.

Maidir lena n-iompar teanga reatha, thuairiscigh 29.8% de dhaltaí gur labhair siad Béarla amháin sa bhaile, 43.4% a labhair Béarla den chuid is mó agus roinnt focail nó frásai Gaeilge leis, 21.9% a labhair Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla, 2.6% a labhair leath Béarla agus leath Gaeilge, 0.8% a

labhair Béarla agus Gaeilge ach níos mó Gaeilge, 0.4% a labhair Gaeilge den chuid is mó agus roinnt focail nó frásáí Béarla, 0.4% a labhair Gaeilge amháin.



Fíor 1.2 lompar teanga na ndaltaí lena dtuismitheoirí

Ceistneoir na dTuismitheoirí

I gcás na dtuismitheoirí, fiosraíodh téamaí éagsúla sna ceistneoirí, mar atá:

- cúlra oideachais an tuismitheora;
- cumas an tuismitheora sa Ghaeilge;
- iompar teanga an teaghlaigh; na cúiseanna a socraíodh an páiste a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge;
- leibhéal sástachta an tuismitheora leis an oideachas lán-Ghaeilge go nuige seo;
- an tacaíocht, más ann di, a bhí agus atá ar fáil don tuismitheoir maidir leis an aistriú;
- an próiseas a bhain le cinneadh a dhéanamh maidir leis an aistriú;

réasúnaíocht laistiar dá gcinneadh leanúint nó gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iarr-bhunleibhéal. Dáileadh an ceistneoir ar thuismitheoirí daltaí rang 6 agus líon 321 tuismitheoir an ceistneoir a seoladh. Ba mháithreacha a líon 81.3% de na ceistneoirí agus aithreacha 18.1%. Ba Éireannaigh iad 92.5% de na freagróirí agus ba de bhunadh réimse leathan tíortha fuílleach an tsampla.

Tá cóip den cheistneoir le fáil sna haguisíní agus céatadáin na bhfreagraí le sonrú i gcás na gceisteanna.

Agallaimh na dtuismitheoirí

I dtaca leis an gceistneoir, theastaigh uainn taithí na dtuismitheoirí ar an aistriú a fhiosrú níos doimhne agus tugadh cuireadh dá réir do na tuismitheoirí a líon an ceistneoir páirt a ghlacadh sa dara céim den taighde, agallaimh ghrúpa. Ghlac 26 tuismitheoir páirt sna hagallaimh seo a reáchtáladh i gceantair na scoileanna mar aon le roinnt agallamh aonair a eagraíodh ar an nguthán chun freastal ar thuismitheoirí nár oir dátaí ainmnithe na n-agallamh grúpa dóibh. Bunaíodh ceisteanna na n-agallamh ar mhórthéamaí an taighde (féach Aguisín). Cuardaíodh téamaí athfhillteacha agus rinneadh anailís ar thaithí na dtuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ar a dtaithí ar an aistriú ón gcóras sin chuig an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla. Cuirtear a dteistiméireachtaí siúd san áireamh agus torthaí an taighde á scagadh sa chéad chaibidil eile.

Cúrla déimeagrafaíoch agus teanga na dtuismitheoirí

Máithreacha (81.3%) ba mhó a líon an ceistneoir le 18.1% d'aithreacha agus 0.3% a raibh gaol caomhnóra nó eile leis an bpáiste agus 0.3% eile áit ar líon an mháthair agus an t-athair an ceistneoir in éindigh.

Cuireadh ceist ar thuismitheoirí maidir leis an leibhéal ab airde oideachais a bhí bainte amach acu. Bhí leibhéal sóisearach iar-bhunscoile bainte amach ag 5.1%, leibhéal sinsearach iar-bhunscoile bainte amach ag 20.3%, cúrsa nach cursa céime bainte amach ag 21% ag an tríu leibhéal agus céim ollscoile bainte amach ag 53.1%. D'fhreagair formhór na dtuismitheoirí an ceistneoir i mBéarla (85.9%) agus 14.1% i nGaeilge. Déantar tuairisciú ar thaithí teanga na dtuismitheoirí níos faide annón sa chaibidil seo agus torthaí an taighde á scagadh.

Conclúid

Rinneadh cur síos sa chuid seo den tuairisc ar chur chuige an taighde agus ar na modheolaíochtaí ar baineadh leas astu d'fhonn eolas a bhailíú agus freisin d'fhonn anailís chruinn a dhéanamh ar an eolas sin. Tugadh cuntas ar rannpháirtithe an taighde, is iad sin, príomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge, daltaí rang a sé na mbunscoileanna sin agus a dtuismitheoirí. Tugadh léargas ar na huirlisí taighde a úsáideadh chun tuairimí agus taithí na rannpháirtithe ar an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge a fhiosrú, is iad sin: ceistneoirí; fóram plé; grúpaí fócais. Tugtar aghaidh sa chéad chaibidil eile ar an eolas a bailíodh agus an léargas a thugann an t-eolas sin dúinn ar an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Gaeilge i bPoblacht na hÉireann, lasmuigh den Ghaeltacht.


Torthaí an taighde

Réamhrá

Tugtar léargas sa chaibidil seo ar thorthaí an taighde bunaithe ar an anailís a rinneadh ar cheistneoirí na bpríomhoidí, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí agus freisin ar agallaimh na bpríomhoidí agus na dtuismitheoirí. Díritear ar phróifil na rannpháirtithe i dtosach báire agus an taithí atá acu go nuige seo ar an oideachas lán-Ghaeilge. Déantar tuairisciú ansin ar chonair an leanúnachais i measc na ndaltaí ag féachaint ar na hathróga is mó a bhfuil tionchar acu ar a dtriall chuig an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge nó lán-Bhéarla.

Úsáid na Gaeilge i dTeaghlaigh na dTuismitheoirí

Rinneadh iniúchadh i dtosach báire ar chúlra teanga na dtuismitheoirí, mar a fheictear san fhíor thíos.



Fíor 1.3 Cúlra teanga na dtuismitheoirí agus iad ag fás aníos


Is léir bunaithe ar na tortaí gur beag taithí atá acu ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh. Bhí an Béarla, nó an Béarla den chuid is mó in úsáid mar theanga teaghlaigh ag 96.8% agus iad ag éirí aníos. Bhí 1.5% den sampla a dúirt gur Gaeilge nó Gaeilge den chuid is mó a bhí in úsáid mar theanga baile agus iad féin ag éirí aníos. Cé gur íseal an figiúr é seo, tuigtear gur tháinig borradh ar leith ar an rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge le linn ochtóidí an chéid seo caite (McAdory & Janmaat, 2015). Is caol seans dá réir go bhfuil líon ard d'iar-dhaltaí na linne sin go fóill ag an aois go mbeadh

páistí dá gcuid ag aistriú chuig an oideachas iar-bhunleibhéal, agus mar sin páirteach i dtionscadal dírithe ar an ngrúpa áirithe déimeagrafaíoch seo.

Tugann na figiúirí ísle le fios mar sin féin gur beag taithí atá ag formhór na dtuismitheoirí ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus gur dóigh gur deacair mar sin an nós de labhairt na Gaeilge ag baile a chothú. Tá an baol ann ar ndóigh go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag an gcleachtas seo ar dhearcadh na bpáistí ar an nGaeilge mar theanga fheidhmeach lasmuigh de thimpeallacht na scoile.

Cumas agus úsáid Teanga i measc Tuismitheoirí

Is ábhar spéise don taighde seo leibhéal cumais féintuairiscithe na dtuismitheoirí sa Ghaeilge, go háirithe de réir mar a bhaineann sin leis an dearcadh a bheadh acu ar gcumas páirt a ghlacadh in oideachas a bpáistí. Feictear an tuairisciú a dhéanann na tuismitheoirí ar an gcumas sin i bhFíor 1.4 thíos.




Fíor 1.4 Cumas féintuairiscithe na dtuismitheoirí Gaeilge a labhairt


Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil cumas feidhmeach ag 25.4% de thuismitheoirí sa Ghaeilge agus cumas measartha, ach fulangach b'fhéidir, ag 62.5%. Ábhar spéise don taighde seo ainneoin go bhfuil cumas feidhmeach sa teanga ag beagnach aon cheathrú de na tuismitheoirí, nach n-aistríonn an cumas sin chuig úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga teaghlaigh acu féin. Tugtar faoi deara i bhFíor 1.5 gurb é an Béarla atá in uachtar mar theanga teaghlaigh i bhformhór na dteaghlach.

Úsáid na Gaeilge sa teaghlach

Maidir lena n-iompar teanga reatha fiosraíodh le tuismitheoirí agus le daltaí cén teanga is mó a labhair siad lena chéile ag baile. Léirítéar na freagraí sin sa dá fhíor thíos.



Fíor 1.5: Iompar teanga reatha na dtuismitheoirí ag baile



Fíor 1.6 Teanga labhartha na ndaltaí lena dtuismitheoirí

Nuair a chuirtear an tuairisciú seo i gcomparáid le teistiméreachtaí na dtuismitheoirí, tráth ar fiosraíodh leo cén teanga a labhair siad lena bpáistí, tugtar faoi deara ainneoin go bhfuil éagsúlachtaí sna rannóga difriúla, ar an ionlán tagann taithí an dá ghrúpa lena chéile. Mar a rianaíodh thus, tá

an baol ann go bhfuil easpa cleachtadh na dtuismitheoirí ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus iad féin ag éirí aníos ag imirt tionchair ar a n-iompar teanga teaghlaigh féin.

Taithí na dTuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge

Léiríonn na figiúirí i dTábla 1.1 gur fhreastail 30 (9.3%) tuismitheoir ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus 27 (8.4%) ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Mar a thugtear ón tionscadal idir lámha agus mar atá rianaithe sa chíoradh a rinneadh ar an litríocht i gcaibidil a dó, , bheiff ag súil le titim den chineál seo sa leanúnachas bunaithe ar ghnáthnósmaireachtaí aistrithe an chórais reatha (Bourdreaux, 2011; Ó Duibhir et al., 2015; Wesley & Baig, 2012). As an 30 tuismitheoir a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge, bhí deichniúr nár lean leis an oideachas lán-Ghaeilge. Bhí seachtar tuismitheoirí, áfach, a d'fhreastail ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge nach raibh tar éis freastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Ar an iomlán, tuigtear go bhfuil taithí ag formhór na dtuismitheoirí (88.5%) ar an gcóras oideachais lán-Bhéarla seachas lán-Ghaeilge.

Tábla 1.1 Freastail na dtuismitheoirí ar scolaíocht trí Ghaeilge

	Lín na dTuismitheoirí (%)
Bunscoil lán-Ghaeilge agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	20 (6.2%)
Bunscoil lán-Ghaeilge ach nár fhreastail ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	10 (3.1%)
Iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ach nár fhreastail ar Bhunscoil lán-Ghaeilge	7 (2.2%)
Iomlán a d'fhreastail ar bhunscoil nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	37 (11.5%)

Mar a fheictear níos faide annón sa chaibidil seo, tugann tuismitheoirí le fios gur constaic mhór sa leanúnachas dóibh an easpa eolais atá acu ar fheidhmiú an oideachais lán-Ghaeilge, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal. Cuimsítear sa bhearna seo eolas ar an dátheangachas, feidhm na dara teanga i saol oideachais an dalta ag an tríú leibhéal, riachtanais speisialta foghlama á mbainistiú sa dara teanga agus rudaí eile nach iad. I bhfianaise easpa taithí na dtuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal, tá sé thíobhachtach go ndéanfaí gach iarracht feidhmiú an oideachais lán-Ghaeilge agus na buntáistí a bhaineann leis a mhíniú go soiléir agus go rialta do thuismitheoirí na ndaltaí má táthar lena muinín agus a ranpháirtíocht sa chóras sin a bhuanú.

Mar a pléadh ní ba thúsce, is iondúil go ndéanann tuismitheoirí ceangal láidir idir a gcuid ranpháirtíochta in oideachas a bpáistí agus tacaíocht a thabhairt sa teanga agus leis an teanga. Léirigh Harris et al. (2006) nach raibh ar chumas fhormhór na dtuismitheoirí a bhain leis an gcóras oideachais lán-Ghaeilge (lasmuigh den Ghaeltacht) an tacaíocht sin a chur ar fáil ceal cumas sa Ghaeilge. É sin ráite, léiríonn figiúirí an taighde seo i gcás thuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge gur dóigh go bhfuil ar chumas 25.4% acu an tacaíocht seo a sholáthar agus cé go mb'fhéidir nach

mbeadh ar chumas 62.5% de na tuismitheoirí eile tacaíocht phraiticúil teanga a thabhairt mar a shamhlaítar sa chur chuige luaite é, is léir go bhfuil tuiscint áirithe acu ar an teanga agus ar úsáid na teanga. B'fhiú mar sin féachaint ar shlite, mar atá molta ag Halsall (1994) agus Kavanagh agus Hickey (2013), chun samhail na tacaíochta baile a fhorbairt ionas go gcuimseofaí inti réimse leathan cleachtas tacaíochta, agus ní tacaíocht don teanga amháin. Pléitear seo níos mine agus tuairimí pearsanta na dtuismitheoirí ar an rannpháirtíocht agus an tacaíocht á gcíoradh.

Leibhéal aistrithe reatha san oideachas lán-Ghaeilge

Chuireamar ceist ar na príomhoidí bunscoile faoi líon na ndaltaí Rang a 6 i 2014 a chuaigh ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ar an iomlán lean 40.2% de dhaltaí leis an oideachas lán-Ghaeilge. Nuair a rinneamar idirdhealú, áfach, idir na bunscoileanna a raibh iar-bhunscoil san abhantrach acu agus iad siúd nach raibh, fuaireamar amach gur lean 53.6% de dhaltaí ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ní nach ionadh, sna scoileanna nach raibh iar-bhunscoil san abhantrach nár lean ach 8.0% leis an iar-bhunoideachas trí Ghaeilge.

Tábla 1.2 An ráta aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

	Líon na ndaltaí i Rang a 6 2014	Líon na ndaltaí ó Rang a 6 2014 a lean ar aghaidh chuig iar- bhunscoil lán-Ghaeilge	% aistrithe
Gach scoil sa taighde	764	307	40.2%
Scoileanna gan iarbhunscoil lán-Ghaeilge san abhantrach	225	18	8.0%
Scoileanna le hiarbhunscoil lán-Ghaeilge san abhantrach	539	289	53.6%


Deir 49.8% de thuismitheoirí go bhfuil sé i gceist ag a bpáistí freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Is figiúr é seo atá gar go maith de ráta aistrithe (53.6%) a thuairiscigh na príomhoidí i dTábla 1.2 thusa. Deir 42.1% de thuismitheoirí nach bhfuil agus 5.3% a deir nach bhfuil a fhios acu go fóill cá rachaidh a bpáistí ar scoil nó a d'fhág an cheist sin bán. Tuigtear ón analís a rinneadh ar threochtaí leanúnachais go hidirnáisiúnta go seasann an ráta seo leis an noirm (Llywodraeth Cymru, 2015; Makropoulos, 2010).

An uair a dhéantar an cinneadh


Tugtar faoi deara go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir an dá ghrúpa tuismitheoirí de réir mar a bhaineann sé leis an uair a dhéantar an cinneadh seo. Maidir leo siúd a bhfuil sé i gceist ag a bpáistí leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, tugtar le fios go raibh an cinneadh déanta ag 48.6%

(24.6% + 11.2% + 12.8%) de na tuismitheoirí sin sula dtosaíonn na páistí sa bhunscoil mar a fheictear i bhFíor 1.7. Tagann sé seo leis an méid a dúradh ní ba thúisce i leith chonair an leanúnachais a bheith in aigne na dtuismitheoirí ón gcéad lá riamh.

Nuair a fhéachtar orthu siúd atá ag tabhairt aghaidh ar an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla, feictear i bhFíor 1.8 go roghnaítear an scoil níos deireanaí. Tuigtear go bhfuil an cinneadh á dhéanamh ag 56.3% idir Rang a cúig agus a sé le 40% i Rang a sé. Léiríonn an figiúr seo bhfuil na tuismitheoirí idir dhá chomhairle maidir le conair an leanúnachais lán-Ghaeilge ar feadh achar suntasacha ama, tréimhse go bhféadfaí buntáistí an leanúnachais a chur ar a súile dóibh.



Fíor 1.7 An uair a rinne tuismitheoirí an cinneadh a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge



Fíor 1.8 An uair a rinne tuismitheoirí an cinneadh a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil Béarla

Dar le príomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge go bhfuil sé “ró-dhéanach a bheith ag labhairt le páistí agus tuismitheoirí i rang a 6. Tá an cinneadh déanta cheana féin ag an bpointe sin” agus “Má tá tú ag iarraidh dul i bhfeidhm orthu, caithfear tosú níos luaithe ná sin”. Molann na príomhoidí iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí i ranganna 3 agus a 4 má táthar len iad a mhealladh i dtreo na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Molann tuismitheoirí freisin go roinní eolas ar an leanúnachas le daltaí agus le tuismitheoirí go rialta ó aois óg lena chinntíú go ndéantar cinneadh feasach faoin aistriú. Filltear ar an bpointe seo ar ball.

Cé a dhéanann an cinneadh?

Dar le tuismitheoirí go raibh machnamh níos doimhne laistiar den chinneadh faoin oideachas lán-Ghaeilge agus a bpáistí ag aistriú go dtí an iar-bhunscoil ná mar a bhí agus iad ag tabhairt aghaidh ar an mbunscoil toisc athróga mar oideachas tríú leibhéal anois lárnach sa phlé, athróga nach raibh i gceist ag túis na bunscolaíochta:

maybe the atmosphere and a nice feeling to the school is more important for primary school ... whereas you have a little bit more of an eye ... to the kind of results output even though I hate the kind of idea of the league table which I can't help having a quick glance.

I think you're just thinking short term really when they're starting school you know but when it gets nearer it's long term you're kind of trying to help them make the right decisions

Mhaigh formhór na dtuismitheoirí gur thángthas ar an gcinneadh maidir le rogha na hiar-bhunscolaíochta trí chomhráití idir tuismitheoirí agus páistí ag féachaint chuige cé acu scoil a shásaign an méid is mó de mhianta gach duine don taithí uileghabhálach a bhaineann le tréimhse na hiar-bhunscolaíochta:

me in particular I would have loved her to continue with Irish and she was under no illusion about that and we've discussed it and debated it ... and we talked about it over and back so I really feel we've come to the right decision with her

Níor mhiste a lua, áfach, go dtagann sé chun cinn go láidir i dtorthaí na n-agallamh gur ag an dalta a bhí an tionchar ba láidre sa phróiseas:

I didn't make the decision she made the decision, all along she's always just said "why would I go and learn everything again in English when I already know most in Irish, it seems like a lot of pointless hard work" and I was happy enough with that decision to be honest

Cinnte, aontaíonn príomhoidí na mbunscoileanna freisin leis an dearcadh seo agus ról lárnach dar leo ag an dalta sa phróiseas. Ardaítéar an cheist mar sin cé mhéad de straitéisí earcaíochta na n-iar-bhunscoileanna a dhíríonn go sonrach ar an dalta féin? B'fhiú, bunaithe ar na torthaí thuas, straitéisí margáiochta ar leith a ionlánú i gcur chuige na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna chun a chinntíú go bhfuiltear ag seachadadh an eolais go héifeachtach chuig an spriocghrúpa cuí. Filltear ar an bpointe seo agus moltaí i leth an aistrithe á gcur i láthair sa chéad chaibidil eile.

Is fiú súil a chaitheamh ar na cúiseanna atá le cinntí na dtuismitheoirí leanúint nó gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Chuige sin, níor mhiste sracfhéachaint a thabhairt chomh maith céanna ar na cúiseanna a bhí ag tuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar an oideachas lán-Ghaeilge an chéad lá riamh ag leibhéal na bunscolaíochta. Ábhar spéise go dtugtar cosúlachtaí agus éagsúlachtaí faoi deara sna hathróga a raibh tábhacht leo in aigne na dtuismitheoirí le linn an dá thréimhse seo.

Céim “nádúrtha” ar chonair an leanúnachais

Deir 30% de thuismitheoirí gur céim eile ar chonair an leanúnachais an bhunscoil lán-Ghaeilge tar éis dá bpáistí freastal ar naónra lán-Ghaeilge agus deir 68.2% díobh go raibh an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ina n-aigne acu agus iad ag roghnú na bunscoile lán-Ghaeilge. Maidir leis na tuismitheoirí sin a bhfuil páiste dá gcuid ag leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal, (n=160 san iomlán) deir líon suntasach díobh, ainneoin na mbuarthaí a bhí orthu i leith an chórais, gur aistriú “nádúrtha” a bhí ansin dóibh freisin:

we would have envisaged from the start that they would go onto the secondary school even when we were putting them into the primary school

when we put our children into an all Irish primary school then the decision was made more or less going onto secondary school. Only if there was a problem in an all Irish school or if it really didn't suit the child you'd be thinking of another school really.

Mar a luann an tuismitheoir thuas, áfach, tá an chuma ar an scéal gur aistriú nádúrtha a bhíonn ann sa chás nach raibh taithí dhiúltach ag an tuismitheoir nó ag an dalta ar an oideachas lán-Ghaeilge go dtí seo nó sin nach raibh aon bhac suntasach eile i gceist don leanúnachas. Áirítear i measc na mbacsin, mar a léiríonn tuismitheoir amháin, riachtanais speisialta foghlama.

If I found there were issues in terms of Dyslexia or different other issues then obviously that would be a significant reason to sit down with I suppose the principal of the secondary school fortunately and thankfully those scenarios haven't arisen but if that was the case I'd think I'd have to review more

Is léir mar sin ní hamháin go bhfuil líon suntasach daltaí ar chonair an leanúnachais faoin am go bhfuil siad sa bhunscoil lán-Ghaeilge ach go bhfuil céatadán ard díobh freisin ag teacht chun na scoile agus rannpháirtíocht san iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge mar rogha cheana féin in aigne na dtuismitheoirí. Is ceist eile, mar a léirítear ar ball an toradh a bhíonn leis an réamh-mhachnamh seo.

Cúiseanna le freastal ar an mbunscolaíocht agus ar an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge


Mar a léirigh Ní Mhurchú (2008) tuairiscíonn tuismitheoirí leibhéal ard sástachta leis an oideachas lán-Ghaeilge, agus is amhlaidh atá i gcás rannpháirtithe an taighde seo chomh maith céanna. Deir 97.2% de na tuismitheoirí uile a líon ceistneoirí go bhfuil siad sásta leis an taithí oideachais agus teanga atá faigte ag a bpáiste sa bhunscolaíocht lán-Ghaeilge go nuige seo, beag beann ar thriail a

bpáistí ag an iar-bhunleibhéal. Is ardú meanma cinnte an figiúr ard seo dóibh siúd uile atá ag treabhadh i ngort an oideachais lán-Ghaeilge agus comhartha dóchais don rannpháirtíocht amach anseo.

Déantar cur síos anseo ar na cúiseanna bhí ag tuismitheoirí tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge. Cé gur cuireadh ceisteanna sonracha ar thuismitheoirí maidir lena gcúiseanna leanúint nó gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge, is iomaí athróg bhreise a tháinig chun cinn le linn an phróisis taighde. Mar a léirítear sa sa taighde reatha ar an ábhar is annamh a dhéanann tuismitheoirí an cinneadh seo bunaithe ar athróg amháin (Buchanan & Fox, 2008; Burgess, Greaves, Vignoles & Wilson, 2009; Darmody, Smyth & McCoy, 2012).


Maidir leo siúd a bhfuil sé i gceist acu leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge, deir 160 as an 321 tuismitheoirí a ghlaic páirt sa taighde seo go bhfuil sé i gceist acu a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Bunaítear na céatadáin sa tuairisciú seo ar an 160 tuismitheoir sin.

Tugtar cosúlachtaí faoi deara idir na cúiseanna sin a bhí ag tuismitheoirí a bpáistí a sheoladh chuig an mbunscoil i bhFíor 1.9 agus chuig an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bhFíor 1.10. I gcás thromlach na dtuismitheoirí, mar atá le sonrú i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta den oideachas dátheangach (Hodges, 2011) is í suim na dtuismitheoirí sa sprioctheanga féin nó an mhian a bhí acu go mbeadh a bpáiste dátheangach a spreag iad an chéad lá riamh tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge.



Fíor 1.9 Na cúiseanna ba mhó a luaigh tuismitheoirí gur roghnaigh siad bunscoil lán-Ghaeilge (n=321)

Is léir ó Fíor 1.10 thíos go bhfuil an tsuim sin sa Ghaeilge féin agus sa dátheangachas mar spreagadh láidir go fóill ag tuismitheoirí agus a bpáistí ag aistriú chuig an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.




Fíor 1.10 Na cúiseanna ba mhó a luaigh tuismitheoirí gur roghnaigh siad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (n=160)

Suim sa dátheangachas

Is léir ó Fíor 1.10 thusa go bhfuil an-suim ag tuismitheoirí na ndaltaí sa dátheangachas agus go dteastaíonn uathu go mbeidh cumas i ndá theanga ag a bpáistí. Maidir le suim na ndaltaí féin sa dátheangachas, deir 50% gur mhaith leo a bheith dátheangach agus 52.8% gur mhaith leo go mbeadh ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt. Is buntáiste suntasach don leanúnachas agus don chóras oideachais lán-Ghaeilge i gcoitinne an tsuim a léiríonn tuismitheoirí agus daltaí araon sa dátheangachas. Tá sé tábhachtach má táthar le dul i gcion ar mhianta na dtuismitheoirí agus na ndaltaí maidir leis na spriocanna atá acu san oideachas lán-Ghaeilge, an deis a thapú cur ina luí orthu gur próiseas fad saoil an dátheangachas nach ndéanann dochar do shealbhú na céad teanga, imní atá le brath go láidir i measc tuismitheoirí i láthair na huaire.

I measc na gcúiseanna eile lasmuigh de chuínsí teanga a bhí ag tuismitheoirí an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú ag an iar-bhunleibhéal, tá; cál mhaith acadúil na scoile; gnóthachtail pointí i scrúduithe na hArdteistiméireachta; rogha maith ábhar; tuairiscí faigte ar thaithí dhearfach tuismitheoirí agus daltaí eile den chóras; comhdháinamh na scoile.



Fíor 1.11 Cúiseanna eile a luaigh tuismitheoirí gur roghnaigh siad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (n=160)

Cáil acadúil na scoile

Tá an-tábhacht ag baint leis an athróg seo i measc tuismitheoirí an taighde agus 80.6% de na díobh ag leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal toisc dar leo go bhfuil cáil mhaith acadúil leis an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge áitiúil a bhfuil rochtain acu uirthi.

I looked up the league tables for the school I have to admit

I'm sure people saw this on the Independent but I teach in another school and I was proud saying
"oh look there's the school my son goes to"

Is léir ó na torthaí mar sin go bhfuil líon suntasach tuismitheoirí a síleann gur timpeallacht chothaitheach an t-oideachas lán-Ghaeilge do dhul chun cinn acadúil a bpáistí agus gur fearr an dul chun acadúil a dhéanfadh a bpáistí sa chóras sin ná sa chóras lán-Bhéarla.

Ceangailte leis an gcáil acadúil tá ceist na dtáillí, gné a thagann chun cinn go mór i gceantair uirbeacha ina bhfuil freastal forleathan ar iar-bhunscoileanna príobháideacha agus na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge in iomaíocht leis na scoileanna sin. Is buntáiste suntasach do thuismitheoirí i roinnt cásanna gur scoileanna iad na gaelcholáistí atá ar chomhchaighdeán ó thaobh cáil acadúil le scoileanna eile a bhfuil táillí le n-íoc chun freastal orthu. Tagraíonn Hodges (2011) don chleachtas céanna ar bun agus roinnt tuismitheoirí ag roghnú scoileanna lán-Bhreatnaise agus

dearcadh ina measc go bhfuil éiteas na scoile príobháidí ar fáil gan táillí a bheith le híoc (Hodges, 2011: 54).

Pointí bónais na hArdteistiméireachta

Tuairiscíonn 46.9% de thuismitheoirí gur bhain tábhacht leis na pointí breise atá le gnóthachtáil i scrúdú na hArdteistiméireachta má dhéanann na daltaí a scrúduithe i nGaeilge. Luagh 33.1% de na daltaí go raibh ‘níos mó pointí a bhaint amach san Ardteistiméireacht má dhéanann siad na scrúduithe go léir i nGaeilge’ mar chúis acu le hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge a roghnú. Is léir, áfach, ó theistiméireachtaí na dtuismitheoirí go bhfuil mearbhall orthu maidir leis an gcóras pointí bónais do na daltaí sin a thugann faoina gcuid scrúduithe i nGaeilge.

I think it's only an extra 20 points or something that they get for going through Irish so.

What is it I'm not well up on, is it 20 points overall or is it broken down or what way is it?

As far as I know is they get 60% in an exam, they get 10% of the mark they didn't get so they get 10% of 40 which would be 4.

I gcás thuismitheoir amháin, bhí baint láidir ag an doiléire sin leis an gcinneadh a rinneadh gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal:

Nílimid soiléir faoi na difríochtaí sa marcáil san Ardteist. An fiú an scolaíocht a dhéanamh trí Gaeilge mar tá an Ardteist deacair go leor trí Bhéarla.

Léiríonn an siar is aniar seo idir tuismitheoirí nach bhfuil eolas cruinn acu ar an gcóras pointí bónais agus gur beag taithí atá acu air mar thréith den oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Is léir go bhfuil eolas tábhachtach nach bhfuil á sheachadadh go héifeachtach chuig tuismitheoirí, eolas go bhféadfadh tionchar láidir a bheith aige ar an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge.

Ábhar spéise, gur athróg suntasach cairde an dalta agus an t-aistriú faoi chaibidil agus 31.7% de dhaltaí ag tuairisciú go bhfuil tionchar ag a gcairde ar an iar-bhunscoil a ndéanfar freastal uirthi. Ní mheasann ach 19.2% de thuismitheoirí go bhfuil tionchar aige seo ar aistriú a bpáistí chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Comhdhéanamh na scoile

Déanann Darmody, Smyth agus McCoy (2012) cur síos ar an tábhacht a bhaineann le comhdhéanamh scoile agus tuismitheoirí ag roghnú scoile dá bpáistí. Cuimsítéar sa chomhdhéanamh próifíl eitneach agus cine na scoile, próifíl shocheacnamaíoch daltaí agus tuismitheoirí agus comhdhéanamh gnéis na ndaltaí. Léirigh Byrne, McGinnity, Smyth agus Darmody (2010) ina dtaighde siúd ar imirce agus comhdhéanamh scoileanna in Éirinn go raibh ionadaíocht íseal d'imircigh i scoileanna lán-Ghaeilge na tíre toisc go mbíonn drogall ar theaghlaigh nach é an Béarla a dteanga bhaile teanga eile a shealbhú.

Tuairiscíonn 8.7% de na tuismitheoirí uile a ghlac páirt sa taighde seo gur roghnaigh siad bunscoil lán-Ghaeilge de bharr go raibh siad den tuairim go mbeadh líon ní b'íle daltaí ann a raibh cúlra imircigh acu. I gcás na hiar-bhunscolaíochta, ardaíonn an figiúr sin go 12% de thuismitheoirí ag tuairisciú na cúise céanna. Níl amhras ar bith ach gur figiúr íseal go leor é seo sa chomhthéacs iomlán de chúiseanna a bhí ag tuismitheoirí tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge.

Ainneoin go dtagraítear in amanntaí, go háirithe sna meáin, don chomhdhéanamh aonchineálach mar bhuntáiste in aigne tuismitheoirí agus an t-oideachas lán-Ghaeilge á roghnú, ní thacaíonn torthaí an taighde leis an bplé áirithe sin. Is beag faisnéis chruinn a bailíodh ar an ábhar seo go nuige seo agus léiríonn torthaí an taighde seo gur beag buntáiste ar an iomlán atá sa chomhdhéanamh aonchineálach daltaí do thuismitheoirí agus scoileanna á roghnú.

Cé nár cuireadh ceist shonrach ar thuismitheoirí maidir le comhdhéanamh gnéis na scoile a bheith mar bhuntáiste nó míbhuntáiste acu agus iad ag roghnú scoile dá bpáistí, luann líon suntasach tuismitheoirí an tábhacht a bhí le comhdhéanamh measctha gnéis ag an mbunleibhéal:

It was also a co-ed school and I had a boy and a girl and wanted them in the same school.

The all Irish primary school in the only primary school in the town which educates both boys and girls together.

Arís agus an t-oideachas iar-bhunleibhéal faoi chaibidil, cé nár cuireadh ceist shonrach ar thuismitheoirí maidir le comhdhéanamh gnéis na scoile, thagair tuismitheoirí mar sin féin don bhuntáiste a bhain leis an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mar gheall ar an gcomhdhéanamh measctha seo:

most of the secondary schools in Cork are non-co-ed so the only ones that are co-ed in the bounds of Cork city let's say suburbs are the Church of Ireland school and the Gaelcholáistí

the good schools locally secondary schools would be single sexed and you know I just think it's such a relaxed school here and it's just really worked for both of my children and I think both of them could struggle to go to a same sexed now

Ár ndóigh, d'fhéadfadh go mbeadh an comhdhéanamh measctha seo mar bhac freisin ag an iar-bhunleibhéal ag brath ar mhianta agus ar shamhail na dtuismitheoirí i leith chomhdhéanamh idéalach na hiar-bhunscoile.

Dea-thuairisciú faoin iar-bhunscoil

Deir 53.2% de thuismitheoirí go raibh tionchar ag dea-thuairiscí a chualathas faoin oideachas lán-Ghaeilge nó faoin iar-bhunscoil lán-Ghaeilge féin agus iad ag roghnú iar-bhunscoile, agus rinne na tuismitheoirí cur síos freisin le linn na n-agallamh ar thábhacht an fhocail ó bhéal:

I suppose where we live a lot of people within the estate go, a lot of children go so again it's chatting with a mother and it's that word to mouth ... if you were getting bad indicators there then by all means that would influence my decision.

I would have been listening to people reports I'd been hearing and if I hadn't of heard those reports I probably would not have put him here to be very honest but I have to say I've been pleasantly surprised by his progression. I had anticipated maybe issues in certain subjects but I have to say it has all been very smooth so far

Ar an ábhar céanna, tá an baol ann go mbeadh tionchar ag tuairisciú diúltach den chóras ar chinntí agus dearcadh tuismitheoirí chomh maith céanna. Déanann tuismitheoirí cur síos ar thábhacht na laethanta agus na n-oícheanta oscailte a bhíonn ag an scoil agus an easpa deise a bhíonn acu go minic ag na hócáidí seo eolas a bhailíú ar fheidhmiú praiticiúil an oideachais lán-Ghaeilge. Dá bhrí seo, agus freisin de bharr a n-easpa taithí féin ar an gcóras, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal, tá tuismitheoirí ag brath go mór ar thuairimíocht agus ar thaithí tuismitheoirí eile a bhfuil cos sa chóras acu cheana féin. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar an gcineál eolais atá de dhíth ar thuismitheoirí agus sin a sheachadadh chucu go rialta agus i modh éifeachtach agus so-thuigthe.

Suíomh agus cóiríocht na scoile

Thuairiscigh 22.7% de thuismitheoirí gur buntáiste a bhí i suíomh áisiúil na bunscoile agus iad ag roghnú scoile dá bpáistí. As an 160 tuismitheoir a deir go raibh sé i gceist acu go bhfreastalódh a bpáistí ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, deir 23.4% díobh go raibh suíomh na scoile sin áisiúil dóibh.

Fachtóir eile a chuireann le buntáistí an tsuímh go mbíonn deartháireacha nó deirfiúracha an dalta ag freastal ar an iar-bhunscoil cheana féin. Thuairiscigh 27.1% de na tuismitheoirí uile gur roghnaíodh an bhunscoil de bharr go raibh deartháireacha nó deirfiúracha an pháiste ag freastal ar an scoil cheana féin. As an 160 tuismitheoir a bhfuil a bpáistí ag leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal, deir 23.4% gur athróig í sin a mheall chun na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge iad. Is buntáiste shuntasach do na tuismitheoirí a bpáistí uile a bheith ag freastal ar an scoil chéanna ar iliomad cúiseanna, éascaíocht an taistil agus aithne ar chomhthéacs agus foireann na scoile san áireamh:


In terms of the logistics the proximity to the school etc. and things like that are the key factors too and it's actually walking distance for us to send the children there which is good

Ar ndóigh, is deacair fiafraí de thuismitheoirí dul i gcoinne na nóstmaireachta seo ach amháin trí iarracht a dhéanamh an leanúnachas a dhaingniú i measc na dteaghlaigh ag an mbunleibhéal chomh luath agus is féidir.

Ainneoin gur foirgnimh réamhdháonta a bhí ag roinnt mhaith de na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a raibh sé i gceist ag na páistí freastal orthu, dar leis na tuismitheoirí nach gcuireann coinníollacha den chineál sin as dóibh fad agus go bhfuil atmaisféar dearfach le brath sa scoil. Is comhartha dóchais é seo ar ndóigh, go háirithe do na scoileanna sin atá ag streachaílt le dúshláin chóiríochta fhadtéarmacha.

Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla

Deir 135 as 321 tuismitheoir go bhfuil sé i gceist acu a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Bhéarla agus bunaítear na céatadáin thíos ar an 135 tuismitheoir sin. Tuigtear go bhfuil athróga eile ag dó na geirbe ag na tuismitheoirí agus ar na daltaí a shocraíonn tabhairt faoin oideachas lán-Bhéarla ag an iar-bhunleibhéal, ina measc: suíomh na hiar-bhunscoile; rogha ábhar níos oiriúnaí don dalta; cáil mhaith acadúil na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla; easpa suime san iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge; imní na dtuismitheoirí nach n-ullmhódh an t-oideachas lán-Ghaeilge an páiste don oideachas i mbÉarla ag an tríú leibhéal.



Fíor 1.12 Na nithe ba thábhacthaí dar leis na tuismitheoirí agus iad ag déanamh cinneadh a bpáiste a

Suíomh na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla

Mar a chonacthas agus suíomh na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge faoi chaibidil, is buntáiste suíomh na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla freisin do thuismitheoirí ag brath ar an gceantar atá i gceist. Deir 45.8% de thuismitheoirí go bhfuil an iar-bhunscoil lán-Bhéarla lonnaithe i suíomh níos áisiúla dóibh:

the meanscoil, it's about 7 or 8 miles away from home, there is no bus stop near where we live so it was hard to get there that was a big factor for me

Fachtóir eile a chuireann go mór le suíomh áisiúil na hiar-bhunscoile baill eile den chlann a bheith ag freastal uirthi cheana féin, mar a tugadh faoi deara agus buntáistí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge á gcíoradh thusa. Luann 22.9% de thuismitheoirí go bhfuil deartháir nó deirfiúr ag freastal

ar an iar-bhunscoil lán-Bhéarla cheana féin agus gur de dheasca sin a bhfuiltear ag leanúint leis an oideachas lán-Bhéarla.

Rogha na n-ábhar

Thuairiscigh 50.5% de thuismitheoirí go raibh rogha na n-ábhar san iar-bhunscoil ina fhachtóir tábhachtach i gcinntí na dtuismitheoirí cé acu iar-bhunscoil lán-Ghaeilge nó lán-Bhéarla a roghnú. Is minic trácht déanta ar dheacrachartaí earcaíochta san oideachas lán-Ghaeilge, go háirithe ag an iar-bhunleibhéal (Johnson & Swain, 1997). Deir tuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo iad féin go bhfuil imní orthu nach mbeidh múinteoirí ábhair éagsúla ar fáil nó sin nach mbeidh siad oilte ábhair áirithe a theagasc:

is deacair múinteoirí a fháil chun ábhair a mhúineadh tré mheán na Gaeilge (m.sh. Ceimic, Fisic, Mata, Bitheolas, Gnó)

I mean it was well talked about that the calibre of the teachers was particularly poor, for example, in one subject there was a Geography Teacher who was told now you need to go and teach this in Irish as well so they weren't an Irish Teacher.

Ceangailte go dlúth le ceist na n-ábhar, tá ceist na n-acmhainní agus an dearcadh i measc tuismitheoirí gur leithne an rogha ábhar agus acmhainní atá ar fáil san iar-bhunscoil lán-Bhéarla, go minic toisc go bhfuil an scoil féin níos mó:

Not enough practical subjects and poor facilities in the nearest all Irish Post Primary.

the building and choice of subjects offered in our local Gaelcholáiste is limited compared to the English medium post-primary School

Is léir ó thaithí agus ó theistiméireachtaí na dtuismitheoirí freisin go bhfuil imní orthu nach bhfuil caighdeán sách ard teanga i measc múinteoirí agus tionchar láidir aige seo ar theagasc na n-ábhar. Cliseann ar mhuinín roinnt tuismitheoirí sa soláthar lán-Ghaeilge de bharr an leibhéal íseal cumais dar leo atá le brath sa chóras:

An fáth dáiríre ná gur chuir caighdeán Gaeilge roinnt de na múinteoirí sa mheánscoil lán-Ghaeilge uafás orm. D'fhreastail mo mhac ar an nGaelcholáiste ar feadh 3 bliana agus bhual mé leis na múinteoirí.

I mean that's been a slight issue with me for the Secondary School ... that Teachers would not have a great standard of Irish

An iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mí-óiriúnach don ullmhúchán don tríú leibhéal Thug 44.3% de thuismitheoirí le fios go raibh imní orthu nach n-ullmhódh an t-oideachas lán-Ghaeilge an páiste mar ba chóir agus é ag tabhaint aghaidh ar an tríú leibhéal. Cinnte tacáonn teistiméireachtaí na dtuismitheoirí leis seo. Feictear dóibh gurb í feidhm na hiar-bhunscoile na páistí a ullmhú don oideachas lán-Ghaeilge agus toisc nach léir dóibh gur i nGaeilge a bheidh an oiliúint sin

á saothrú ag an tríú leibhéal, laghdaítear luach agus feidhm phraiticiúil chumarsáide na Gaeilge go mór:

There's only just one thing you know the follow on from secondary school into third level, I mean where do you go? [...] from 5 you're doing everything in Irish up to the age of 18 and then all of a sudden you're in college, I think it would be difficult

I could see her proceeding to do something in the science field or the medical field that won't be through the medium of Irish it will be through the medium of English in college you know and I think she made a very valid argument about that.

Actually my own son said it to me a few times as well where he said I'm learning everything in maths in Irish at the moment how am I going to understand it if I want to study it further in third level? Now third level options are all through English

Ceangailte go dlúth leis an ábhar seo tá imní na dtuismitheoirí nach bhfuil fáil ag a bpáistí ar théarmaíocht an Bhéarla, ainneoin dar leo go bhfuil tábhacht as cuimse leis an téarmaíocht sin, go háirithe in ábhair phraiticiúla.

Cáil acadúil na hiar-bhunscoile lán-Bhéarla

Mar a chonacthas agus cáil acadúil na hair-bhunscoil lán-Ghaeilge á plé thuas, tuairiscíonn 63.2% den 135 tuismitheoir a bhfuil sé i gceist acu a bpáistí a chuir chuige iar-bhunscoil lán-Bhéarla gur mealladh chun an tsoláthair sin iad de bharr dea-cháil acadúil na scoile. Thuairiscigh 80.6% den 160 tuismitheoir a bhfuil a bpáistí le freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge an chúis chéanna agus cinneadh á dhéanamh acu féin i leith an aistrithe. Cinnte tá tionchar ag rogha an tsoláthair i gceantair éagsúla ar an gceist áirithe seo, agus ar ndóigh tuismitheoirí ag leagan luach ard ar dhul chun cinn acadúil an pháiste ag an tríú leibhéal chomh maith céanna.

Imní na dtuismitheoirí faoi lagú an Bhéarla

Tuairiscíonn 34.8% de thuismitheoirí go bhfuil imní orthu go laghdódh cumas a bpáistí sa Bhéarla dá leanfaí leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Dar le roinnt tuismitheoirí go bhfuil dochar déanta ag an oideachas lán-Ghaeilge do chumas Béarla a bpáistí cheana féin agus teastaíonn uathu sin a chur ina cheart ag an iar-bhunleibhéal:

I strongly believe that my Children's English has suffered due to attending a Gaelscoil, particularly in spellings. This is a huge concern and was one reason why our third child is not going to a Gaelscoil.

The only reason I will be sending my children to English speaking secondary school is that I feel their English suffers after attending Irish primary school, there are already many words that they do not know in English and certain subjects like History may be more enjoyable.

Níor mhiste a lua gur ábhar é seo a dhéanann imní do na tuismitheoirí uile agus ní hamháin iad siúd nach bhfuil ag leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge. Ardaítear an cheist mar sin, cén chomh héifeachtach agus atáthar ar cur próiseas an tsealbhaithe teanga in iúl do thuismitheoirí agus a bpáistí ag tabhairt faoina gcuid oideachais sa dara teanga.

Traidisiún freastail sa teaghlaach ar iar-bhunscoil lán-Bhéarla
Ábhar spéise go ndeir 9.2% de thuismitheoirí gur fhreastail tuismitheoir amháin ar a laghad ar iar-bhunscoil Bhéarla faoi leith agus go dteastaíonn uathu go rachadh an páiste chuig an scoil chéanna. Is scoileanna nua-bhunaithe na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge den chuid is mó i gcomparáid leis na hiar-bhunscoileanna lán-Bhéarla agus is nós é an traidisiún freastail nach bhfuil forbartha chuig an leibhéal céanna go fóill sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.

Freastal ar Riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge

Tá sé soiléir, ina measc siúd go háirithe a bhfuil riachtanais speisialta foghlama ag a bpáistí go bhfuil imní orthu maidir le hinniúlacht an chórais oideachais lán-Ghaeilge dul i ngleic leis na riachtanais sin. Thuairiscigh 3.5% de dhaltaí go raibh an imní seo orthu ach thug 21.1% de thuismitheoirí le fios go raibh imní orthu ina thaobh seo:

My child has a speech and language difficulty and I think English post primary would benefit him greatly

My child has ADHO & dyspraxia, I would have loved him to attend an Irish-speaking school but between teachers resource and myself it was decided it would be difficult for him.

My daughter is dyslexic and although very happy in an all Irish primary school, I believe a post primary English school is the best choice for her ability.

Is léir go bhfuil barúil láidir i measc na dtuismitheoirí nach rogha réalaíoch ná ciallmhar an t-oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal sa chás go bhfuil riachtanais speisialta foghlama ag an dalta. Ábhar spéise agus an t-ábhar seo faoi chaibidil go dtuairiscíonn 64% de phríomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge nach mbíonn tuismitheoirí buartha faoi chumas na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge freastal ar riachtanais speisialta foghlama an dalta. Téann tuairimí agus taithí na dtuismitheoirí thusas ar ndóigh ina choinne seo. Tá an baol ann mar sin go bhfuil príomhoidí ag feidhmiú ar bhuntuiscint nach baic iad riachtanais speisialta an dalta don aistriú chuig an iar-bhunscolafocht lán-Ghaeilge. Is léir, áfach, go bhfuil an éiginnteacht maidir leis an bhfreastal a dhéanfaí ar na riachtanais sin san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mar ábhar suntasach imní do thuismitheoirí. Is údar imní é seo freisin do na tuismitheoirí atá ag cur a bpáistí chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Ardaítéar an cheist mar sin i bhfianaise an mhearrbhaill atá ar thuismitheoirí maidir leis an bhfreastal a dhéantar ar riachtanais speisialta an dalta agus iad ag tabhairt faoin bhfoghlaim sa dara teanga, an bhfuil eolas cruinn á sheachadadh chuig múinteoirí agus príomhoidí an chórais ina thaobh seo? Is léir go bhfuil na tuismitheoirí thusas sásta leis an oideachas lán-Ghaeilge go nuige seo agus gur easpa eolais nó imní faoi rath a bpáistí sa chóras amach anseo is mó atá á stiúradh i dtreo an oideachais lán-Bhéarla ag an iar-bhunleibhéal. Is fiú an bhearna seo san eolas agus i seachadadh an eolais sin a líonadh.

Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas na bpáistí

Tréith amháin den oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal a chothaíonn míshuaimhneas i measc tuismitheoirí uile an imní a bhraitheann siad maidir le hobair bhaile na ndaltaí agus ról rannpháirtíochta an tuismitheora, nó a easpa sin, ina gcuid oideachais. Tá an imní seo le brath ina measc siúd a bhfuil a bpáistí ag leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge agus leis an oideachas lán-Bhéarla. Dar le Ní Mhurchú (2008) gurb é an príomhdhúshlán atá ag tuismitheoirí daltaí bunscoileanna lán-Ghaeilge “ná iad ag mothú faoi bhrú lena gcaighdeán Gaeilge féin, mar shampla ag cabhrú leis na páistí le hobair bhaile srl.” (Ní Mhurchú, 2008:74).

Is iomaí buntáiste atá le rannpháirtíocht an tuismitheora in oideachas an pháiste, agus baineann seo leis an oideachas teanga chomh maith céanna (Wesley & Baig, 2012). Mar a léirigh Kavanagh agus Hickey (2013) agus Harris et al. (2006) tá dlúthcheangal in aigne tuismitheoirí idir rannpháirtíocht san oideachas lán-Ghaeilge agus cúnamh leis an nGaeilge féin, an teanga teagaisc. Mar a léirítéar sa taighde seo, cé go bhfuil cumas feidhmeach ag beagnach aon cheathrú de na tuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo, is cumas fulangach go leor atá ag a bhformhór. Cuireann na tuismitheoirí féin in iúl gur ábhar imní an easpa cumais seo dóibh go háirithe ag an iar-bhunleibhéal toisc nach bhfuil ar a gcumas lámh chúnta a thabhairt le cúrsaí obair bhaile. Samhlaítear dóibh go mbeadh cúrsaí i bhfad ní ba chasta ag an iar-bhunleibhéal:

I am a little bit worried that if she needs help with school work I won't understand or be able.

I feel that I will not have the Irish vocabulary to help with homework such as Science/tech groups

My own ability to be of assistance and understanding subjects through Irish.

Is iondúil go spreagann an leibhéal íseal cumais seo féin-éifeachtúlacht fíoríseal i measc tuismitheoirí agus cúlaíonn siad siar óna rannpháirtíocht i saol oideachais a bpáiste dá réir (Hoover-Dempey & Sandler, 1997). Déanann na tuismitheoirí cur síos ar an seasamh siar seo a thosaíonn roimh dheireadh na tréimhse bunscolaíochta:

because at the end of the day if he chose Irish I can't help him so he's on his own kind of when it comes to you know doing projects [...] and you're thinking sorry but you're on your own because I don't know what to do with that

Fiú sa chás go bhfuil cumas sa teanga ag tuismitheoir amháin, ní fhágann sin go mbeidh cabhair leanúnach ar fáil don pháiste sa Ghaeilge:

it's all very well my husband having the Irish but he's not there while they're doing their homework but the girl that's in Post-Primary now I've nothing to do with her homework. I might test her if she's having an exam or something in that way it doesn't really matter whether I know the terms or not.

Dar le tuismitheoir amháin go bhfuil gá do scoileanna lán-Ghaeilge taithí agus mianta rannpháirtíochta na dtuismitheoirí sin a bhfuil leibhéal íseal cumais sa Ghaeilge acu a chur san áireamh sa chur chuige agus caidreamh a bhíonn acu le teaghlaigh agus tuismitheoirí daltaí.

My three children went to an all Irish primary school with the intention to continue to post-primary school as I would have liked to have had that opportunity (my younger sisters did), however, my lack of understanding Irish I felt was not taken into account by the post-primary schools thus not encouraging a new generation

Tagann sé seo leis an méid a deir Halsall (1994) agus Kavanagh agus Hickey (2013) maidir le cur chuige nua a ghlacadh a dhéanfadh athmhúnlú ar rannpháirtíocht an tuismitheora sa chóras tumoideachais, go háirithe an tuismitheoir sin nach bhfuil cumas sa sprioctheanga aige nó aici.

Pléitear seo níos mine agus moltaí don aistriú san oideachas lán-Ghaeilge á scagadh sa chéad chaibidil eile.

Conclúid

Pléadh sa chuid seo den tuairisc na torthaí a d'eascair as an taighde páirce a bhain leis an tionscadal agus tugadh léargas ar chomhthéacs reatha an aistrithe i bPoblacht na hÉireann, lasmuigh den Ghaeltacht. Is ábhar dóchais don earnáil i gcoitinne go bhfuil leibhéal sástachta na dtuismitheoirí leis an oideachas lán-Ghaeilge go dtí seo chomh hard agus atá agus go bhfuil an taithí dhearfach seo ag tiomáint 49% díobh i dtreo na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Tá sé soiléir, áfach, go bhfuil údair imní láidre i measc 42.1% de na tuismitheoirí a fhágann nach dóigh leo go bhfuil an soláthar ag an iar-bhunleibhéal oiriúnach dóibh féin, ná a gcuid páistí. I gcás roinnt de na hathróga seo, ní oireann idirghabhálacha dóibh, cuir i gcás traidisiún láidir teaghlaigh freastal ar iar-bhunscoil ar leith. I gcás roinnt eile, is ann don idirghabháil ach gur dóigh go mbeadh próiseas fadtréimhseach i gceist lena chur i bhfeidhm, mar atá i gcás easpa soláthair. Is léir, áfach, agus taithí na dtuismitheoirí uile á scagadh, a dtaithí siúd a bhfuil sé i gceist acu leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal agus iad siúd nach bhfuil, go bhfuil údair áirithe imní orthu maidir leis an aistriú ar féidir idirghabháil a chur i bhfeidhm a rachadh chun leasa an tsoláthair lán-Ghaeilge i gcoitinne, go háirithe an leanúnachais. Tugtar aghaidh ar mholtáí chuige sin sa chéad chuid eile den tuairisc.

Conclúidí agus Moltaí

Réamhrá

Cuirtear i láthair anseo príomhchonclúidí an tionscadail seo mar aon leis na moltaí ar dóigh leis na húdair a rachadh chun leasa an tsoláthair oideachais lán-Ghaeilge trí cur le rátaí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge agus freisin le taithí daltaí agus tuismitheoirí ar an aistriú sin.

Conclúidí

Úsáid agus cumas na Gaeilge sa teaghlaich

Is léir ó thorthaí an taighde seo gur beag taithí atá ag formhór na dtuismitheoirí ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh agus 94.3% de thuismitheoirí a deir go bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga teaghlaigh dóibh. Ainneoin go ndeir aon cheathrú de na tuismitheoirí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil acu cumas feidhmeach sa Ghaeilge, tuigtear nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga teaghlaigh ach i measc 1.5%. Tá tionchar suntasach ag an leibhéal íseal cumais agus úsáide Gaeilge ar thaithí na ndaltaí ar an teanga lasmuigh de thimpeallacht na scoile agus feidhm phraiticiúil na Gaeilge sa tsochaí laghdaithe go mór mura gcuirtear leis an taithí seo laistigh de sféar an oideachais. Ina theannta sin, tá tionchar nach beag ar leibhéal íseal cumais sa teanga ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí, cleachtas nach dtéann chun tairbhe an chórais ná an dalta féin.

Taithí na dtuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge

Deir 11.5% (37) de thuismitheoirí gur fhreastail siad ar bhunscoil nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge Fágann sin go bhfuil taithí ag formhór na dtuismitheoirí (88.5%) ar an oideachas lán-Bhéarla ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Mar aon leis an aitheantas atá le tabhairt do phróifil úsáide agus cumais teanga, ní mór do rannpháirtithe an oideachais lán-Ghaeilge aitheantas freisin a thabhairt don easpa taithí seo atá i measc tuismitheoirí ar an soláthar oideachais lán-Ghaeilge.

Conair an leanúnachais san oideachas lán-Ghaeilge

Is céim “nádúrtha” an leanúnachas do líon suntasach tuismitheoirí agus an soláthar lán-Ghaeilge ina n-aigne acu ón réamhscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht. Roghnaigh 30.5% de thuismitheoirí an bhunscolaíocht lán-Ghaeilge toisc go raibh freastal déanta ag a bpáistí ar naónra lán-Ghaeilge agus as an 161 tuismitheoir a bhfuil sé gceist acu go bhfreastalódh a bpáistí ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, deir 48.6% díobh go raibh an t-aistriú seo ina n-aigne acu agus iad ag roghnú bunscoile

An aois ag a ndéantar an cinneadh maidir le haistriú

Tá tuismitheoirí agus príomhoidí ar aon intinn maidir leis an gceist áirithe seo ag tabhairt le fios go bhfuil sé ró-mhall an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge a chur chun cinn i ranganna sinsearacha na bunscoile. As na tuismitheoirí a shocraíonn a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, tá cinneadh déanta ag 54.2% díobh sin a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge roimh

dheireadh ranganna na naónán. Maidir leis na tuismitheoirí sin a bhfuil a bpáistí ag tabhairt aghaidh ar an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla, déantar an cinneadh níos deireanaí. Deir 56.3% den ghrúpa sin go ndearna siad an cinneadh idir rang a cúig agus a sé agus 40% a deir go ndearna siad an cinneadh i rang a 6. Tá tréimhse shuntasach ama ar fáil do pháirtithe leasmhara an oideachais lán-Ghaeilge buntáistí an leanúnachais a chur ar a síle do na tuismitheoirí agus do na daltaí seo.

Rátaí reatha aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

Bunaithe ar thorthaí an tionscadail seo, ar an ionlán, sa chás go raibh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge san abhantrach, lean 53.6% de dhaltaí a bhí i rang a sé sa bhliain 2014 ar aghaidh chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil sé i gceist ag 49.8% de thuismitheoirí a bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bhFómhar na bliana 2016. Deir 42.1% de thuismitheoirí go bhfuil sé i gceist acu aistriú chuig an t-oideachas lán-Bhéarla agus 5.3% a deir nach bhfuil a fhios acu go fóill cá rachaidh a bpáistí ar scoil nó a d'fhág an cheist sin bán. Is iomaí cúis a thugann tuismitheoirí agus daltaí leis an gcinneadh seo, mar a léirítear thíos.

Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge

Fiosraíodh leis na tuismitheoirí a raibh sé i gceist acu go bhfreastalódh a bpáistí ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge na cúiseanna a bhí acu leis an gcinneadh sin, agus cuirtear iad sin i láthair thíos.

Suim sa Ghaeilge agus sa dátheangachas

Is í an chúis is mó atá ag tuismitheoirí leanúint leis an soláthar lán-Ghaeilge an tsuim atá acu sa dátheangachas (74.7%) nó sin go mbeadh an Ghaeilge ag a bpáistí (84.2%). Ábhar spéise gurb iad seo na cúiseanna ba mhó a spreag na tuismitheoirí an soláthar lán-Ghaeilge a roghnú ag an mbunleibhéal chomh maith céanna. Más rud é go gur luaigh tuismitheoirí gur roghnaigh siad an bhunscoil lán-Ghaeilge mar gheall ar shuim sa Ghaeilge, ba mhó seans go roghnoidís an iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge freisin agus bhí an difríocht seo suntasach ó thaobh staitistice de (chí-chearnóg=10.922, df=1, p = .001). Bhí an patrún céanna le feiceáil i gcás tuismitheoirí a luaigh gur mhaith leo go mbeadh a bpáistí dátheangach (chí-chearnóg=6.525, df=1, p = .011) agus go mbeadh a bpáistí in ann Gaeilge a labhairt (chí-chearnóg=4.184, df=1, p = .041). Tá suim sa Ghaeilge agus sa dátheangachas láidir i measc na ndaltaí freisin agus 50.7% a deir go bhfuil suim acu sa Ghaeilge agus 50% a deir gur mhaith leo dhá theanga a bheith acu.

Cáil acadúil na scoile

I dtaca leis an tsuim sa dátheangachas, is í cáil acadúil na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge an spreagadh is mó atá ag tuismitheoirí an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí. Deir 80.6% de thuismitheoirí gur mheall cáil mhaith acadúil na scoile iad agus 46.9% a deir gur buntáiste dóibh na pointí bónais san Ardteistiméireacht, cé go raibh doiléire ina measc maidir le feidhmiú chóras na bpointí. Leag 31.1% de dhaltaí béim ar an athróg seo chomh maith céanna mar bhuntáiste a mheall i

dtreo na bunscolaíochta lán-Ghaeilge iad. Is léir mar sin in aigne na dtuismitheoirí agus go deimhin in aigne na bpáistí go bhfuil ceangal láidir idir an soláthar oideachais lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal agus dul chun cinn acadúil an dalta. Is comhartha dóchais é seo do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge atá in abhantraigh rannpháirtithe an taighde seo. Is ceist eile, mar a phléitear ar ball, cé chomh héifeachtach agus atáthar ag cur na teachtaireachta seo in iúl do thuismitheoirí atá go fóill idir dhá stól maidir lena rogha iar-bhunscoile.

Comhdhéanamh na scoile

Ainneoin nár cuireadh ceist shonrach ar thuismitheoirí faoi chomhdhéanamh na scoile, thug siad le fios mar sin féin gur buntáiste a bhí i gcomhdhéanamh na hiarbhunscoile Gaeilge dóibh, go háirithe toisc gur scoileanna measctha a bhformhór. Cuireadh in iúl freisin go raibh buntáistí ginearálta na scoile príobháidigh?? ag baint le méid áirithe iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge cé nach raibh táillí le híoc, cleachtas atá le feiceáil i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta tumoideachais chomh maith céanna. Tháinig an athróg seo chun cinn go háirithe i measc tuismitheoirí a bhí ag cur fúthu i gceantair uirbeacha na tíre.

Dea-thuairisciú faoin scoil

Thagair 53.2% de thuismitheoirí don tionchar a bhí ag dea-thuairisciú faoin iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar a gcinneadh leanúint leis an soláthar lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal. Sa tstícheána, áfach, tá an baol ann go ndéanfadh drochthuairisciú nó go deimhin easpa eolais díobháil don leanúnachas, mar a phléitear ar ball.

Cúiseanna leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla

Fiosraíodh leis na tuismitheoirí a raibh sé i gceist acu go bhfreastalódh a bpáistí ar iar-bhunscoil lán-Bhéarla na cúiseanna a bhí acu leis an gcinneadh sin, agus cuirtear iad sin i láthair thíos.

Cáil mhaith acadúil na scoile

Mar aon leis na tuismitheoirí sin atá ag cur a bpáistí chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge de bharr cáil acadúil na scoile sin, deir 63.2% de na tuismitheoirí a bhfuil an soláthar lán-Bhéarla roghnaithe acu gur buntáiste cáil acadúil na scoile sin dóibh. Braitheann seo ar ndóigh go minic ar sholáthar na scoileanna uile san abhantrach.

An soláthar lán-Ghaeilge mí-oiriúnach don tríú leibhéal

Léirigh 44.3% de thuismitheoirí go raibh imní orthu nach mbeadh feidhm phraiticiúil leis an nGaeilge mar mheán foghlama ag an tríú leibhéal. Ina theannta sin, thug siad le fios go bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus foghlama mí-oiriúnach ag an iarbhunleibhéal ó tharla nach bhfuiltear ag ullmhú na ndaltaí mar is cóir don chéad chéim eile a thógfar ar chontanam an oideachais. Dar lena

bhformhór, is i mBéarla a shaothróidh daltaí an chéim áirithe sin. Is léir ag féachaint ar an bhfigiúr measartha ard seo go bhfeictear do thuismitheoirí go bhfuil an luach agus an fheidhm a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga phraiticiúil don saol íslithe go mór ag an iar-bhunleibhéal. D’fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach aige seo ar dhearcadh na ndaltaí maidir le feidhm na teanga lasmuigh de sféar an oideachais agus ina saol amach anseo.

Imní faoi lagú an Bhéarla

Ar an ábhar céanna deir 34.8% go bhfuil siad buartha go ndéanfaidh an soláthar lán-Ghaeilge dochar do chumas Béarla a bpáistí, cumas a bheidh de dhíth go géar orthu sa saol amach anseo. Go deimhin, deir roinnt tuismitheoirí go bhfuil faitós orthu go bhfuil dochar áirithe déanta do chumas Béarla a bpáistí cheana féin ag an mbunleibhéal mar atá. Is léir nach bhfuil an t-eolas cuí ag tuismitheoirí maidir leis an bpróiseas sealbhaithe teanga a bhaineann le, sealbhú na dá theanga ó aois óg agus an caidreamh idir an dá theanga seo. Is cosúil freisin, bunaithe ar theistiméireachtaí na dtuismitheoirí go bhfuil cinneadh á dhéanamh gur ghá teanga amháin a roghnú thar ceann eile, cleachtas a thugann le fios arís go bhfuil easpa eolais ar an sealbhú teanga agus ar an oideachas dátheangach forleathan ina measc.

Rannpháirtíocht an tuismitheora

Deir formhór na dtuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo go bhfuil imní orthu maidir lena gcumas páirt a ghlacadh in oideachas a bpáistí, go háirithe i bhfianaise a gcumas íseal sa teanga. Deir na tuismitheoirí sin a bhfuil sé i gceist ag a bpáistí leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge nach bhfuil an dara rogha acu ach seasamh siar go minic ón rannpháirtíocht san obair scoile ó tharla nach bhfuil ar a gcumas cabhair phraiticiúil a thabhairt leis an teanga féin. Deir na tuismitheoirí sin atá ag leanúint leis an iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla gur constaic an easpa rannpháirtíochta seo dóibh leanúint leis an ngaelscolaíocht. Is údar imní é go bhfuil tuismitheoirí den tuairim nach bhfuil ról gníomhach le himirt acu in oideachas a bpáistí ná i saol na scoile de bharr a gcumas íseal sa teanga. Is caillteanas é don chóras agus cinnte do na daltaí an seasamh siar seo.

Riachtanais speisialta an dalta sa soláthar lán-Ghaeilge

Deir 64% de phríomhoidí nach mbíonn tuismitheoirí buartha faoin bhfreastal atá ar chumas na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge a dhéanamh ar riachtanais speisialta foghlama an dalta. Nuair a fiosraíodh an scéal le tuismitheoirí agus daltaí, dúirt 21.1% de thuismitheoirí agus 3.5% de dhaltaí go bhfuil imní orthu nach mbeidh an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in ann freastal ar a riachtanais speisialta foghlama. Tugann tuismitheoirí le fios ina bhfreagraí oscailte agus le linn agallamh gur ábhar imní é seo dóibh agus iad den tuairim nach rogha chiallmar ó thaobh forbairt oideachais agus teanga a bpáistí an soláthar lán-Ghaeilge. Is ábhar é seo a luann na tuismitheoirí uile, fiú iad siúd atá ag cur a bpáistí chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ach an oiread leis na nithe pléite go dtí seo, agus mar a phléitear

thíos, tá bearna shuntasach le tabhairt faoi deara in eolas na dtuismitheoirí ar fheidhmiú an oideachais lán-Ghaeilge.

Eolas ar an oideachas lán-Ghaeilge á sheachadadh chuir tuismitheoirí

Dar le tuismitheoirí, go bhfuilbearna eatarthu féin agus riarthóirí an oideachais lán-Ghaeilge agus iad míshásta maidir leis an laghad eolais a roinntear leo faoi fheidhmiú an tumoideachais ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal, agus go háirithe faoin tionchar a bheadh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachasúil a bpáistí ag an tríú leibhéal. Déanann tuismitheoirí cur síos ar thábhacht na n-oícheanta oscailte mar ócайдí roinnte eolais ach gur beag dua a chaitheann roinnt scoileanna leis na hócайдí sin. Tá géarghá dar leo deiseanna den chineál sin a thapú chun fóram níos éifeachtaí a sholáthar ina bhféadfaí eolas a roinnt le tuismitheoirí maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge. Deir tuismitheoirí go bhfuil míthuisicint ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge nach bhfuil gá eolas a roinnt le tuismitheoirí nuair atá páiste cláraithe leis an scoil. Go minic, cláraítear an páiste agus iad i rang a cúig nó a sé agus is iomaí ábhar atá ag déanamh imní do thuismitheoirí le linn na tréimhse seo i dtaobh an oideachais lán-Ghaeilge. Braitheann tuismitheoirí go láidir nach bhfuil an t-eolas á sheachadadh chucu agus nach bhfuil fóram ar bith ar fáil dóibh ina bhféadfaí an t-eolas a fháil ná ach an oiread go bhféadfaí na nithe sin is mó atá ag déanamh imní dóibh a phlé go hoscaillte agus go neamhchlaonta le saineolaíthe ar an ábhar, tuismitheoirí agus daltaí an chórais ina measc.

Príomh-mholtaí

Réamhrá

Cuirtear i láthair thíos moltaí maidir leis an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, bunaithe ar thátl an taighde faoi chaibidil.

Soláthar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Bhí mar aidhm ag an taighde seo i dtosach báire rátaí aistrithe ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann a phiosrú. Mar chéad chéim, chuathas i mbun taighde le príomhoidí bhunscoileanna lán-Ghaeilge na tíre ag fiosrú nósmaireachtaí aistrithe mar aon le rochtain ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in abhantrach na bunscoile. As na scoileanna uile a ghlac páirt sa chéad chéim seo den taighde, bhí 40% díobh nach raibh iar-bhunscoil lán-Ghaeilge in abhantrach na scoile. Tá an baol ann nach bhfuil an dlús céanna daonra sna ceantair seo ná sna gaelscoileanna iontu a thacódh le hélimh don iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge ag an tráth seo. Léirítear sa taighde go bhfuil an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge mar rogha ag 72.8% de thuismitheoirí na tíre. Mar sin féin, níl an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge mar rogha réalaíoch ag 27.2% de thuismitheoirí, cé is moite dóibh siúd a shocraigh ar chuíseanna éagsúla taistéal chuig an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ba chóngaraí. Bunaithe ar na figiúirí seo, is léir go bhfuil bearna shuntasach sa soláthar i láthair na huair agus nach bhfuil rochtain ag céatadán ard daltaí agus tuismitheoirí ar an gcéad chéim eile ar chontanam an oideachais lán-Ghaeilge. D'uireasa na céime seo is sealbhú neamhionnlán den Ghaeilge atá i ndán do dhaltaí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge nach bhfuil rochtain acu ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Cé gur féidir rátaí reatha aistrithe a fheabhsú, mar a léirítear thíos, is gá cur leis an soláthar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge chun an leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge a dhaingniú agus taithí daltaí agus tuismitheoirí ar an nGaeilge mar theanga fheidhmeach laistigh agus lasmuigh de sféar an oideachais a threisiú. Moltar do Ghaelscoileanna Teoranta, i bhfianaise thorthaí an taighde seo, dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an tábhacht atá le soláthar na n-iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann a mhéadú agus straitéis fhadtréimhseach chéimniúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt don bhearna reatha.

Rannpháirtíocht

Léiríonn an taighde seo agus an litríocht ar an ábhar go bhfuil cumas íseal sa teanga mar chonstaic shuntasach do rannpháirtíocht an tuismitheora. Tugann na tuismitheoirí sin nach bhfuil cumas sa Ghaeilge acu le fios go n-airíonn siad fágtha ar lár ó phobal na scoile agus freisin ó shaol oideachais an pháiste toisc nach bhfuil ar a gcumas páirt a ghlaicadh sna múnláí rannpháirtíocha reatha atá i

bhfeidhm i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá cuirí chun rannpháirtíochta ríthábhachtach má táthar le borradh a chur faoi rannpháirtíocht tuismitheoirí.

Moltar go dtabharfaí spreagadh agus ugach do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach in oideachas a bpáistí. Moltar freisin, mar atá déanta ag Kavanagh & Hickey (2013) cur chuige úr a ghlacadh i leith na rannpháirtíochta. Is cóir go gcuimseodh na cuirí chun rannpháirtíochta réimse leathan gníomhaíochtaí bainteach le hoideachas an pháiste agus le saol na scoile i gcoitinne, ina measc tacaíocht le gníomhaíochtaí eischuraclacha; tacaíocht le gréasáin na scoile; tacaíocht riarracháin; gníomhaíochtaí eile scoile nach bhfuil an teanga lárnach iontu. Tá sé ríthábhachtach nach mbeadh ardchumas sa teanga mar bhunchritéir don rannpháirtíocht seo agus go mbronnaí luach ar scileanna an tuismitheora a luíonn lasmuigh de chumas teanga. Tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtabharfadh an straitéis rannpháirtíochta úr seo aird ar éiteas agus ar pholasáí teanga na scoile.

Tuigtear gur cur chuige úr i leith na rannpháirtíochta a bheadh i gceist lena leithéid agus moltar mar sin seirbhís oliúna a chur ar fáil do phríomhoidí a thacódh leo struchtúr den chineál seo a iomlánú ina gcleachtais rannpháirtíochta scoile.

Rogha ábhar agus cáil acadúil iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Léirítear sa taighde seo gur shocraigh 50.5% de thuismitheoirí a bpáistí a sheoladh chuitg iar-bhunscoil lán-Ghaeilge toisc nach raibh siad sásta leis an rogha ábhar san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ar an lámh eile, thug 80.6% de thuismitheoirí le fios gur de bharr dea-cháil acadúil na hiarbhunscoile Gaeilge a shocraigh siad leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Níl amhras ar bith faoi ach go bhfuil deacrachtaí ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, de bharr líon íseal daltaí nó de bharr acmhainní teoranta, réimse leathan ábhar a chur ar fáil, gan trácht ar an líon ard múinteoirí a theastódh chun na hábhair sin a theagasc i nGaeilge.

Moltar go gcuirfeadh iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar a síle do thuismitheoirí an dea-cháil acadúil a bhaineann leis an scoil, ainneoin nach bhfuil réimse leathan ábhar ar fáil iontu go fóill. Cé go nglactar leis gur easnamh sa soláthar rogha cúng ábhar, tugann tuismitheoirí le fios go bhfuil cáil acadúil na scoile féin níos tábhachtaí ar an iomlán. Moltar d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge dul i gcion ar thuismitheoirí agus buntáistí acadúla na scoile, lasmuigh den rogha ábhar, a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí. Chabhródh feachtas eolais do dhaltaí agus do thuismitheoirí leis seo agus eolas ar rogha ábhar na scoileanna lán-Ghaeilge mar aon lena rath acadúil a roinnt le tuismitheoirí agus daltaí ó rang a trí ar aghaidh.

Freastal ar riachtanais speisialta foghlama an dalta san oideachas lán-Ghaeilge
Chuir líon suntasach tuismitheoirí in iúl le linn an taighde seo go raibh imní orthu nach mbeadh ar chumas na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge freastal mar is cóir ar riachtanais speisialta foghlama a bpáistí agus gur shocraigh siad gan leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge dá réir. Ainneoin sin, dar le formhór na bpríomhoidí a ghlac páirt sa taighde nach dóigh leo go mbeadh riachtanais speisialta foghlama an dalta mar bhac don leanúnachas in aigne na dtuismitheoirí. Is léir go bhfuil míthuiscint ar phríomhoidí maidir leis an eolas atá de dhíth ar thuismitheoirí maidir leis an bhfreastal a dhéanfar ar riachtanais speisialta foghlama a bpáistí ag an dara leibhéal agus iad ag tabhairt faoina gcuid oideachais trí mheán na dara teanga.

Moltar go gcuirfí eolas taighde bhunaithe agus cothrom le dáta ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí maidir leis an tionchar a bheidh ag an oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachais a bpáistí, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le riachtanais speisialta foghlama. Ina theannta sin, moltar go dtabharfaí faoi phróiseas oiliúna le múinteoirí agus le príomhoidí chun riachtanais speisialta foghlama i gcomhthéacs an tumoideachais a chíoradh agus a phlé. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ar chumas múinteoirí agus príomhoidí eolas cruinn ar na ceisteanna seo a roinnt le tuismitheoirí agus le daltaí. Tá sé tábhachtach go roinnfí an t-eolas seo le tuismitheoirí ón uair go bhfuil na dúshláin foghlama aitheanta sa pháiste nó sin go leanúnach ó Rang a 3 ar aghaidh. Ba mhór an chabhair straitéis aistrithe don dalta a bhfuil riachtanais speisialta foghlama aige / aici idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge chun an t-aistriú a éascú agus muinín an tuismitheora san aistriú sin a dhaingniú. Moltar go dtabharfaí faoi na straitéisí seo mar thionscadail leanúnacha chomhpháirteacha idir an Róinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile an oideachais lán-Ghaeilge mar atá Gaelscoileanna Teoranta agus na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Eolas agus feasacht na dtuismitheoirí ar phróiseas an tsealbhaithe teanga
I bhfianaise easpa taithí na dtuismitheoirí ar an oideachas lán-Ghaeilge, tá tuismitheoirí ag brath go mór ar an gcóras féin eolas a roinnt leo maidir le feidhmiú an oideachais dhátheangaí agus freisin na buntáistí agus na dúshláin oideachais agus teanga a bhaineann leis dá bpáistí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí freastal ar an mbearna sin i dtraithí agus i bhfeasacht na dtuismitheoirí, go háirithe de réir mar a bhaineann sé le sealbhú na dara teanga. Tá sé tugtha le fios ag tuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo go bhfuil imní orthu go bhfuil an Ghaeilge ag déanamh dochair do shealbhú Béarla a bpáistí agus gur mian leo an lagú seo a fhreaschur trína bpáistí a chur chuig iar-bhunscoil lán-Bhéarla. Léirítear i dtorthaí an taighde seo gur suim sa dátheangachas an spreagadh ba mhó a bhí ag

tuismitheoirí tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge. Tá sé ríshoiléir, áfach, go bhfuil míthuiscint i measc tuismitheoirí maidir le próiseas an tsealbhaithe teanga.

Moltar go ndéanfaí daingniú ar an tsuim sin sa dátheangachas arís agus an t-aistriú faoi chaibidil agus buntáistí an dátheangachais ag an iar-bhunleibhéal a chur ina luí ar thuismitheoirí go leanúnach ó lár na bunscolaíochta ar aghaidh. Is gá freisin go gcuircí ar a súile do thuismitheoirí gur próiseas fadtréimhseach an sealbhú teanga nach gcríochnaíonn ag deireadh na bunscolaíochta. Tá dearcadh dearfach agus tiomanta léirithe ag tuismitheoirí na ndaltaí go dtí seo i leith an dátheangachais agus moltar an deis a thapú eolas taighde agus cleachtas-bhunaithe a roinnt leo lena muinín sa soláthar oideachais lán-Ghaeilge a dhaingniú. Moltar go dtabharfadh Gaescoileanna Teoranta agus príomhoidí agus múinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge faoi fheachtas feasachta chuige seo.

Caidreamh idir bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge

Cé go ndeir formhór na bpríomhoidí gur ann do chaidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, thug roinnt tuismitheoirí le linn an taighde seo le fios nár bh eol dóibh go raibh caidreamh ar bith idir scoileanna, agus in amanntaí gur beag teagmháil ná taithí a bhí ag daltaí na bunscoile ar thimpeallacht ná ar fhoireann na hiar-bhunscoile.

Moltar do phríomhoidí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge caidreamh a chothú a d'éascódh seachadadh an eolais i measc múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí agus a d'éascódh an leanúnachas sa soláthar lán-Ghaeilge dá réir. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an caidreamh idirscoile tairbheach do pháirtithe leasmhara uile an chórais agus go mbeadh sé feiceálach agus insroichte go háirithe do thuismitheoirí agus daltaí.

Liosta Tagairtí

- Barnard, W. M. (2004). 'Parent involvement in elementary school and educational attainment'. *Children and youth services review*, 26(1), 39-62.
- Bartram, B. (2006). 'An examination of perceptions of parental influence on attitudes to language learning'. *Educational Research*, 48(2), 211-221.
- Bienvenue, R. M. (1986). 'Participation in an educational innovation: Enrollments in French immersion programs'. *Canadian Journal of Sociology/Cahiers canadiens de sociologie*, 363-377.
- Block, N. C. (2012). 'Perceived impact of two-way dual immersion programs on Latino students' relationships in their families and communities'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 15(2), 235-257.
- Boudreaux, N., & Olivier, D. F. (2009). 'Student attrition in foreign language immersion programs'. I Annual Meeting of the Louisiana Education Research Association (LERA) conference, Lafayette.
- Bourgoin, R. C. (2014). *Inclusionary Practices in French Immersion: A Need to Link Research to Practice*. CJNSE/RCJCÉ, 5(1).
- Byrne, D., McGinnity, F., Smyth, E. and Darmody, M., (2010). 'Immigration and school composition in Ireland'. *Irish Educational Studies*, 29(3), pp.271-288.
- Fox, R.A. and Buchanan, N.K., (2008). *School Choice in the Republic of Ireland An Unqualified Commitment to Parental Choice*.
- Burgess, S., Greaves, E., Vignoles, A. and Wilson, D., (2009). *What parents want: School preferences and school choice*. Bristol: CMPO.
- Cadez, R. V. (2006). *Student attrition in specialized high school programs: An examination of three French immersion centres* (Doctoral dissertation, University of Lethbridge).
- Canadian Council on Learning. (2007). *Lessons in Learning: French-Immersion education in Canada*
- Canadian Parents for French. (2004). *The State of French Second Language Education in Canada*
- Culligan, K. (2012). 'Pente or Slope? Using Student Voices to Explore Program Choice and Experiences in Secondary French Immersion Mathematics (Enhanced)'. *Canadian modern language review*, 66(Supplement 1), S421-S444.
- Cummins, J. (2000). *Immersion education for the millennium: What we have learned from 30 years of research on second language immersion*.
- Darmody, M., Smyth, E. and McCoy, S., (2012). *School Sector Variation among Primary Schools in Ireland*. Rep. Np: Department of Children and Youth Affairs.
- Dillon, Curtis. (2014). "Factors Putting Late French Immersion Students "At Risk" and What We Can Do As Teachers." Ar fáil ag: Dillon_Curtis_J_201406_MT_MTRP.pdf
- Eccles, J., & Harold, R. (1993). 'Parent-school involvement during the early adolescent years'. *The Teachers College Record*, 94(3), 568-587.
- Estyn. (2014). *Linguistic progression and standards of Welsh in ten bilingual schools*. Ar fáil ag: www.estyn.gov.uk

- Fan, X., & Chen, M. (2001). Parental involvement and students' academic achievement: A meta-analysis. *Educational psychology review*, 13(1), 1-22.
- Gardner, N. (2002). *Basque in Education in the Basque Autonomous Community*
http://www.hezkuntza.ejgv.euskadi.net/r43-573/en/contenidos/informacion/dia6/en_2027/adjuntos/publications_in_english/basque_in_Education_en.pdf (Albreán, 2016)
- Genesee, F. (2007). 'French immersion and at-risk students: A review of research evidence'. *Canadian Modern Language Review*, 63(5), 655-687.
- Gerena, L. (2011). 'Parental voice and involvement in cultural context: Understanding rationales, values, and motivational constructs in a dual immersion setting'. *Urban Education*, 46(3), 342-370.
- Halsall, N. D. (1994). 'Attrition/retention of students in French immersion with particular emphasis on secondary school'. *Canadian modern language review*, 50(2), 312-345.
- Harding, D. (2012). *The state of French-Second-Language educating in Canada 2012: Academically challenged students and FSL programs*. Canadian Parents for French. Ar fáil ag:
http://cpf.ca/en/files/CPFNational_FSL2012_ENG_WEB2.pdf
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Fhearaile, S.N. and O'Gorman, M., (2006). *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement*. Department of Education and Science.
- Hill, N. E., & Taylor, L. C. (2004). 'Parental school involvement and children's academic achievement pragmatics and issues'. *Current directions in psychological science*, 13(4), 161-164.
- Hodges, R.S., (2011). 'Integrative or instrumental Incentives? Non-Welsh-Speaking Parents and Welsh-Medium Education in the Rhymni Valley, South Wales'. *Journal of Ethnic Studies*, (66), p.44.
- Hoover-Dempsey, K. V., Walker, J. M., Sandler, H. M., Whetsel, D., Green, C. L., Wilkins, A. S., & Closson, K. (2005). Why do parents become involved? Research findings and implications. *The Elementary School Journal*, 106(2), 105-130.
- Hoover-Dempsey, K. V., & Sandler, H. M. (1997). 'Why do parents become involved in their children's education?' *Review of educational research*, 67(1), 3-42.
- Hoover-Dempsey, K.V., & Sandler, H. M. (1995). 'Parental involvement in children's education: Why does it make a difference?' *Teachers College Record*, 97(2), 310-331.
- Hoover-Dempsey, K.V., Bassler, O.C. and Brissie, J.S., (1992). 'Explorations in parent-school relations'. *The Journal of Educational Research*, 85(5), pp.287-294.
- Howard, E. R., Sugarman, J., & Christian, D. (2003). *Trends in two-way immersion: A review of the research* (Report 63). Baltimore, MD: Center for Research on the Education of Students Placed at Risk.
- Johnson, R.K. and Swain, M., 1997. *Immersion education: International perspectives*. Cambridge University Press.
- Kavanagh, L., & Hickey, T. M. (2013). 'You're looking at this different language and it freezes you out straight away': Identifying challenges to parental involvement among immersion parents. *Language and education*, 27(5), 432-450.

- Kennedy, I.A., (2012). Irish Medium Education: Cognitive Skills, Linguistic Skills, and Attitudes towards Irish (Tráchtas Dochtúireachta, Bangor University).
- Kerbow, D., Azcoitia, C., & Buell, B. (2003). 'Student mobility and local school improvement in Chicago'. *Journal of Negro education*, 158-164.
- Lasagabaster, D. (2001). 'Bilingualism, immersion programmes and language learning in the Basque country'. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 22(5), 401-425.
- Lewis, C., and Stan M. Shapson. (1989). 'Secondary French Immersion: A Study of Students Who Leave the Program'. *Canadian Modern Language Review* 45, no. 3: 539-48.
- Lindholm-Leary, K., & Block, N. (2010). 'Achievement in predominantly low SES/Hispanic dual language schools'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 13(1), 43-60.
- Llywodraeth Cymru. (2016). *Welsh-medium Education Strategy: Final Report*. Caerphilly: Llywodraeth Cymru.
- Llywodraeth Cymru. (2015). Welsh-medium Education Strategy: Annual report 2014–15. Caerphilly: Llywodraeth Cymru.
- Llywodraeth Cymru (2013). *Welsh-medium Education Strategy: Annual report 2012-13*. Caerphilly: Llywodraeth Cymru.
- Llywodraeth Cynulliad Cymru. (2010). *Welsh Medium Education Strategy*. Caerphilly: Llywodraeth Cynulliad Cymru.
- Llywodraeth Cynulliad Cymru. (2007) *Defining schools according to Welsh medium provision*. Caerphilly: Llywodraeth Cynulliad Cymru.
- McAdory, S.E. and Janmaat, J.G., (2015). 'Trends in Irish-medium education in the Republic of Ireland and Northern Ireland since 1920: shifting agents and explanations'. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 36(5), pp.528-543.
- Mac Murchaidh, Ciarán (2008). 'Current attitudes to Irish'. *A new view of the Irish language*. Lgh 212-223.
- Makropoulos, J. (2010). 'Student engagement in an Ottawa French immersion high school program'. *Canadian Journal of Education*, 33(3), 515-540.
- Manitoba Education, Citizenship and Youth. (2007). *French immersion in Manitoba: a handbook for school leaders*.
- Miedel, W. T., & Reynolds, A. J. (2000). 'Parent involvement in early intervention for disadvantaged children: Does it matter?' *Journal of School Psychology*, 37(4), 379-402.
- Morton, L. L., Lemieux, C., Diffey, N., & Awender, M. A. (1999). *Determinants of withdrawal from the bilingual career track when entering high school*. *Guidance and Counseling*, 14(3), 14-20.
- Ní Mhurchú, Y. (2008) *Iniúchadh agus anailís ar mhianta tuismitheoirí i roghnú na gaelscolaíochta dá bpáistí*. (Tráchtas Máistreachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
- Obadia, A. A. (1996). *French Immersion in Canada: Frequently Asked Questions (FAQs)*.
- Obadia, A. A., & Theriault, C. M. (1995). *Attrition in French Immersion Programs: Possible Solutions*.

- Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S. agus Ní Thuairisg, L. (2015). *Anailís ar Mhúnlaí Soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Taighde)*. Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaoideachas.
- O'Hanlon, F. (2010). *Gaelic in upper primary schools in Scotland: Policy and practice*.
- Parkes, J., & Ruth, T. (2011). How satisfied are parents of students in dual language education programs? 'Me parece maravillosa la gran oportunidad que le están dando a estos niños'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 14(6), 701-718.
- Redknap, C. (2006). 'Welsh-medium and bilingual training: steps toward a holistic strategy'. I Lewis W. G., Williams, S. R. & Laugharne, J. (Eag.) (2006). *Welsh-Medium and Bilingual Education*. (1 – 19). Bangor: School of Education, University of Wales.
- Sénéchal, M., & LeFevre, J. A. (2002). 'Parental involvement in the development of children's reading skill: A five-year longitudinal study'. *Child development*, 73(2), 445-460.
- Wesely, P. M., & Baig, F. (2012). 'The "extra boost": Parental involvement and decision making in immersion programs'. *Bilingual Research Journal*, 35(3), 314-330.
- Whiting, E. F., & Feinauer, E. (2011). 'Reasons for enrollment at a Spanish–English two-way immersion charter school among highly motivated parents from a diverse community'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 14(6), 631-651.
- Williams, C.H. (2000) (Eag.). *Language revitalization: Policy and planning in Wales*. Cardiff: University of Wales Press.
- Wise, N. & Chen, Xi. (2009). *Early identification and intervention for at risk readers in French immersion*. The Literacy and Numeracy Secretariat and Ontario Association of Deans of Education

Aguisín – Ceistneoir na dTuismitheoirí

Glahtar leis má chomhlánaíonn tú an ceistneoir seo go dtuigeann tú cuspóirí an taighde agus go dtoilíonn tú páirt a ghlacadh sa tionscadal de do dheoin féin.

Is féidir formhór na gceisteanna a fhreagairt trí (✓) a chur i mbosca.

CÚLRA

1. Cén gaol atá agat leis an bpáiste a thug an ceistneoir seo abhaile?

- | | | |
|-------|-----------|-------|
| (i) | Máthair | 81.3% |
| (ii) | Athair | 18.1% |
| (iii) | Caomhnóir | 0.3% |
| (iv) | Eile | 0.3% |

2. Cén thír inar rugadh tú? In Éirinn 95.8% Eile 4.2%

3. Nuair a bhí tusa ag fás aníos cén teanga(cha) a labhraítí sa bhaile?

- | | | |
|--------|---|-------|
| (i) | Béarla amháin | 52.5% |
| (ii) | Béarla den chuid is mó le roinnt focal/frása i nGaeilge | 32.3% |
| (iii) | Béarla agus Gaeilge, ach Béarla den chuid is mó | 12% |
| (iv) | Meascán cothrom de Ghaeilge agus Béarla | 0.6% |
| (v) | Béarla agus Gaeilge, ach Gaeilge den chuid is mó | 0.3% |
| (vi) | Gaeilge den chuid is mó le roinnt focal/frása i mBéarla | 0.3% |
| (vii) | Gaeilge amháin | 0.9% |
| (viii) | Eile | 0.9% |

Más eile, sonraigh le do thoil. _____

4. Cuir tic ✓ leis an leibhéal is airde oideachais atá bainte amach agat.

- | | | |
|--------|--|-------|
| (i) | Bunoideachas (gan oideachas foirmiúil san áireamh) | 0.6% |
| (ii) | Iar-bhunoideachas sóisir (Meánteistiméireacht nó Teastas Sóisearach/O-Leibhéal/TGMO) | 5.1% |
| (iii) | Iar-bhunoideachas sinsir (Ardteistiméireacht/A-Leibhéal/AS/A2) | 20.3% |
| (iv) | An tríú leibhéal is ísle (2 bhliaín, Dioplóma) | 21% |
| (v) | An tríú leibhéal íseal, leibhéal Baitsiléara (Céim) | 32.1% |
| (vi) | An tríú leibhéal ard, leibhéal Máistreachta | 17.5% |
| (vii) | An tríú leibhéal ard, PhD (leibhéal Dochtúireachta) | 3.5% |
| (viii) | Ní fios | □ |
| (ix) | Eile | □ |

5. An ndeachaigh tú chuig bunscoil lán-Ghaeilge?

Chuaigh	9.4%
Ní dheachaigh	90.6%

6. An ndeachaigh tú chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge?

Chuaigh	8.4%
Ní dheachaigh	91.6%

7. Conas a chuirfeá síos ar do chumas Gaeilge a labhairt?

(i)	Gan aon Ghaeilge	2.2%
(ii)	Corrfhocal	9.5%
(iii)	Roinnt abairtí simplí	22.5%
(iv)	Codanna de chomhráite	40%
(v)	An chuid is mó de chomhráite	18.1%
(vi)	Cumas cainteora dúchais	7.3%
(vii)	Ní bhaineann	0.3%

DO PHÁISTE AGUS AN GHAEILGE

8. Cén teanga(cha) a labhraíonn tú le do pháiste?

(i)	Béarla amháin	17%
(ii)	Béarla den chuid is mó le roinnt focal/frása i nGaeilge	50.8%
(iii)	Béarla agus Gaeilge, ach Béarla den chuid is mó	26.5%
(iv)	Meascán cothrom de Ghaeilge agus Béarla	3.5%
(v)	Béarla agus Gaeilge, ach Gaeilge den chuid is mó	0.6%
(vi)	Gaeilge den chuid is mó le roinnt focal/frása i mBéarla	0.6%
(vii)	Gaeilge amháin	0.3%
(viii)	Eile	0.6%

Más eile, sonraigh le do thoil. _____

9. Cén fáth gur shocraigh tú do pháiste a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge? (Cuir tic le gach bosca a bhaineann)

(i)	D'fhreastail mo pháiste ar naónra lán-Ghaeilge	30.5%
(ii)	Tá suim agam féin sa Ghaeilge	53.9%
(iii)	Tá suim ag mo pháiste sa Ghaeilge	21.9%
(iv)	Theastaigh uaim go mbeadh mo pháiste dátheangach	61.7%
(v)	Bhí suíomh na bunscoile lán-Ghaeilge áisiúil	27.9%
(vi)	Tá mo pháiste á thógáil le Gaeilge	3.1%
(vii)	Ní raibh áit ar fáil san bhunscoil Bhéarla	0.6%
(viii)	Bhí cairde mo pháiste ag freastal ar an scoil chéanna	2.5%
(ix)	D'fhreastail tuismitheoir / caomhnóir mo pháiste ar an scoil chéanna	2.8%
(x)	Bhí deartháir / deirfiúr mo pháiste ag freastal ar an scoil	27.2%
(xi)	Theastaigh uaim go mbeadh an Ghaeilge ag mo pháiste	76.9%
(xii)	Bhí cáil mhaith acadúil ar an mbunscoil lán-Ghaeilge	47%
(xiii)	Chuala mé dea-thuairisci faoin scoil ó chomharsana nó cairde	45.2%
(xiv)	D'fhreastail tuismitheoir / caomhnóir mo pháiste ar scoil lán-Ghaeilge	5.3%
(xv)	Bhí líon níos lú páistí ó chúlra imirceoirí sa scoil lán-Ghaeilge	8.7%

Cuir leis an liosta seo más mian leat

10. An bhfuil tú sásta leis an eispéireas oideachais agus teanga a bhí ag do pháiste go dtí seo?

Tá 99% Níl 1%

11. An ndearna tú machnamh ar an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal nuair a shocraigh tú do pháiste a chur chuige bunscoil lán-Ghaeilge?

Rinne 70.4% Ní dhearna 29.6%

12. An bhfuil tú sásta go raibh go leor eolais agus comhairle ar fáil duit le cabhrú leat cinneadh a dhéanamh faoin iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge?

Tá 86.8% Níl 13.2%

Tabhair míniú breise anseo más mian leat

13. An mbeidh do pháiste ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge?

Tá Níl Níl fhios agam

Má fhreagraíonn tú TÁ do Cheist 13, lean ort chuig Ceist 14.
Má fhreagraíonn tú NÍL, téigh chuig Ceist 19 le do thoil.

Mura bhfuil a fhios agat. Téigh chuig Ceist 21 le do thoil.

14. Cé chomh tábhachtach is a bhí na nithe seo a leanas sa chinneadh a rinne tú do pháiste a chur chuige iar-bhunscoil lán-Ghaeilge? (Cuir tic sa bhosca cuí)

		Gan a bheith tábhachtach	Measártha tábhachtach	Tábhachtach
(i)	Tá suim agam féin sa Ghaeilge	13.2%	32.9%	53.9%
(ii)	Tá suim ag mo pháiste sa Ghaeilge	3.6%	22.8%	73.7%
(iii)	Theastaigh uaim go mbeadh mo pháiste dátheangach	2.9%	22.4%	74.7%
(iv)	Tá suíomh na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge áisiúil	44.2%	32.5%	23.4%
(v)	Tá rogha ábhar na hiar-bhunscoile lán-Ghaeilge oriúnach do mo pháiste	9.2%	35.5%	55.3%
(vi)	Tá mo pháiste á thógáil le Gaeilge	68.8%	24.1%	7.1%
(vii)	Ní raibh áit ar fáil do mo pháiste san iar-bhunscoil Bhéarla	94%	6%	0%
(viii)	Tá cairde mo pháiste ag freastal ar an scoil chéanna	51%	29.8%	19.2%
(ix)	D'fhreastail tuismitheoir / caomhnóir an pháiste ar an scoil chéanna	85.8%	6.7%	7.5%
(x)	Tá deartháir / deirfiúr an pháiste ag freastal ar an scoil chéanna	47.1%	12.3%	40.6%
(xi)	Theastaigh uaim go mbeadh an Ghaeilge ag mo pháiste	2.9%	12.9%	46.9%
(xii)	Tá cáil mhaith acadúil ar an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	2.4%	17%	84.2%
(xiii)	Beidh ar chumas mo pháiste breis pointí a bhaint amach san Ardteistiméireacht má dhéanann sé / sí a scrúduithe i nGaeilge	25%	28.1%	46.9%
(xiv)	Mhol foireann na bunscoile do mo pháiste freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	49.3%	27.1%	23.6%
(xv)	Chuala mé dea-thuairiscí faoin scoil ó chomharsana nó chairde	21.8%	25%	53.2%
(xvi)	D'fhreastail tuismitheoir / caomhnóir mo pháiste ar scoil lán-Ghaeilge	79.9%	8.2%	11.9%
(xvii)	Tá lín níos lú páistí ó chúlra inimirceoirí san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	81%	7%	12%

Cuir leis an liosta seo más mian leat

15. Cén uair ar shocraigh tú gur theastaigh uait go ndéanfadh do pháiste freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge?

(i)	Bhí sé socraithe i m'aigne ón uair a rugadh an páiste	24.5%
(ii)	Nuair a bhí mo pháiste ag freastal ar naíscail	11.2%
(iii)	Roimh an mbunscoil	12.8%
(iv)	Ranganna na naónán	5.6%
(v)	Ranganna 1-4	19.6%
(vi)	Rang a 5	14%
(vii)	Rang a 6	12.3%

16. Cé na buntáistí is mó a bhfuil tú ag súil leo agus do pháiste ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge?

17. An bhfuil rud ar bith ag déanamh imní duit agus do pháiste ag freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge?

18. Ar mhaith leat aon rud eile a rá faoi aistriú do pháiste ón mbunscoil lán-Ghaeilge chuig an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, nó faoin oideachas lán-Ghaeilge i gcoitinne?

Má fhreagair tú NÍL do Cheist 13, lean ort le Ceist 19 le do thoil

19. Cén uair ar shocraigh tú gur theastaigh uait go ndéanfadh do pháiste freastal ar iar-bhunscoil Bhéarla?

(i)	Bhí sé socraithe i m'aigne ón uair a rugadh an páiste	10.4%
(ii)	Nuair a bhí mo pháiste ag freastal ar an mbunscoil	5.2%
(iii)	Roimh an mbunscoil	6.7
(iv)	Ranganna na naónán	3%
(v)	Ranganna 1-4	18.5%
(vi)	Rang a 5	16.3%
(vii)	Rang a 6	40%

20. Cé chomh tábhachtach is a bhí na nithe seo a leanas sa chinneadh a rinne tú do pháiste a chur chuig iar-bhunscoil Bhéarla? (Cuir tic sa bhosca cuí)

		Gan a bheith tábhachtach	Measártha tábhachtach	Tábhachtach
(i)	Bhí suiomh na hiar-bhunscoile Bhéarla áisiúil	22.5%	31.7%	45.8%
(ii)	Níl iar-bhunscoil lán-Ghaeilge cóngarach go leor dom	45.6%	27.2%	27.2%
(iii)	Bhí rogha ábhar na hiar-bhunscoile Béarla níos oiriúnaí don pháiste	29.4%	20.2%	50.5%
(iv)	Bhí mé buartha nach n-ullmhódh an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge mo pháiste don oideachas trí Bhéarla ag an tríú leibhéal	27.8%	27.8%	44.3%
(v)	Bhí imní orm go dtiocfadh lagú ar chumas mo pháiste sa Bhéarla dá leanfaí leis an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge	40.9%	24.3%	34.8%
(vi)	Ní raibh áit ar fáil do mo pháiste san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge	77.8%	8.1%	14.1%
(vii)	Beidh sé níos éasca ar mo pháiste pointí níos airde a bhaint amach san Ardteistiméireacht má dhéanann sé na scrúduithe i mBéarla	47.1%	21.6%	31.4%
(viii)	Tá cairde mo pháiste ag freastal ar an iar-bhunscoil Bhéarla chéanna	54.8%	23.1%	21.2%
(ix)	D'fhreastail tuismitheoir / caomhnóir an pháiste ar an scoil Bhéarla	85.7%	5.1%	9.2%
(x)	Tá deartháir / deirfiúr an pháiste ag freastal (nó d'fhreastail) ar an scoil	65.7%	11.4%	22.9%
(xi)	Tá cáil acadúil mhaith ar an iar-bhunscoil Bhéarla	13.2%	23.7%	63.2%
(xii)	Mhol foireann na bunscoile do mo pháiste freastal ar iar-bhunscoil Bhéarla	73.2%	15.5%	11.3%
(xiii)	Níl suim ag mo pháiste san oideachas lán-Ghaeilge	33.3%	29.4%	37.3%
(xiv)	Níl suim agam san oideachas lán-Ghaeilge	58.9%	24.2%	16.8%
(xv)	Chuala me droch-thuairiscí faoin scoil ó chomharsana nó chairde	74.4%	12.2%	13.3%
(xvi)	Tá mé buartha nach mbeadh an scoil lán-Ghaeilge ábalta freastal ar riachtanais speisialta fhoghlama mo pháiste	69.5%	9.5%	21.1%

Cuir leis an liosta seo más mian leat

21. Ar mhaith leat aon rud eile a rá faoi aistriú do pháiste ón mbunscoil lán-Ghaeilge chuig an iar-bhunscoil, nó faoin oideachas lán-Ghaeilge i gcoitinne?

Go raibh míle maith agat as an am a ghlac tú leis an gceistneoir seo a líonadh